- The conjunction *ná* 'than' is used to compare two things:

Is fearr liom tae ná caife.

I like tea better than coffee. / I prefer tea to coffee.

§4.2.4. Using *cé acu* to ask about a preference

Cé acu is fearr leat, císte nó uachtar reoite?

Which do you prefer, cake or ice cream?

Is maith liom císte ach is fearr liom uachtar reoite.

I like cake but I prefer ice cream.

Is fearr liom císte ná uachtar reoite.

I prefer cake to ice cream.

§5. The Preposition *gan* 'without'

- The preposition *gan* 'without' causes *séimhiú*:

gan bhróg

without a shoe

gan mhaith

useless, without benefit

- However, if the noun it modifies begins with a d, t, s (or f) there is no *séimhiú*, since d/t/s resist lenition after 'n' (see §2.2):

gan dabht

without a doubt.

- In addition, personal names are not lenited, nor is a noun lenited if it is modified:

gan Mícheál

without Michael

gan cuidiú ar bith

without any help.

CEACHTANNA LE DÉANAMH

1. Write out the following nouns with the article: arán, bean, cailc, doras, fuinneog, leabhar, scoil, obair, cathaoir, páipéar, bord, sráid, éan.

2. a) Incorporate adjectives into the following classification sentences:

is capall é > *is capall maith é*

is muc í

is cat é

is peann é

is cailc í

is bean í sin

- b) Now turn these into questions and provide answers:

is capall maith é > *an capall maith é? Sea / Ní hea*

3. Cluiche: Fiche Ceist

Play the game of ‘20 Questions’ with your partner. Use words such as *beag, mór, maith, deas, cliste, ciúin, láidir, lag*:

- | | |
|---------------------|------------|
| A: An ainmhí é? | B: Sea. |
| A: An ainmhí mór é? | B: Ní hea. |
| A: An mada é? | B: Ní hea. |
| A: An cat é? | B: Sea! |

4. Cuir Gaeilge air:

1. We don't like American food.
2. Do you (pl) like music? Yes.
3. She likes tea, but she prefers coffee.
4. It is not yours, it is Bríd's.
5. I love strong tea.
6. Does she like the university?
7. They hate the food here, but they love the weather.
8. Don't you remember that song?
9. Is that coffee yours?
10. We remember that morning.

5. Suirbhé Beag: An maith leat ...?

Find out from your partner how they feel about some of the items listed below. Then represent their opinions to the class.

caife dubh	Peil Mheiriceánach (‘American Football’)
cócaireacht (‘cooking’)	bia Indiach
Bostún	Leabharlann Widener (‘Widener Library’)
Starbucks	an aimsir i Massachusetts (‘the weather in Mass.’)
Madonna	uisce fuar
Éire	ceol tíre (‘Country & Western music’)
Daidí na Nollag (‘Father Christmas’)	oinniúin (‘onions’)

6. Cé acu is fearr leat?

Ask your partner which of the options below they prefer:

- peil / snámh (‘soccer / swimming’)
- cócaireacht / rince (‘cooking / dancing’)
- Éire / Meiriceá
- tae / caife
- caife bán / caife dubh
- mada / capall
- fíon bán / fíon dearg
- an amharclann / an phictiúrlann (‘the theatre / the cinema’)

Bostún / Nua Eabhrac ('Boston / New York')
císte / uachtar reoite ('cake / ice cream')
bia Iodálach / bia Indiach ('Italian food / Indian food')
an Ghaeilge / Béarla

Sampla: 'Cé acu is fearr leat, peil nó snámh?' - 'Is maith liom peil ach is fearr liom snámh.'
/ Is fearr liom peil ná snámh.'

Obair Bhaile

1. Label as many of the items in the farmyard picture below as you can in Irish. Make use of the definite article and appropriate adjectives.



2. a) Cuir Béarla air (translate into English):



Seo é Niall Ó Dónaill. Is mac léinn ag Ollscoil Harvard é. Is as Nua Eabhrac é. Is Meiriceánach é, ach is as Éirinn a athair ('his father'). Ní maith leis Bostún; is fearr leis Nua Eabhrac. Is maith leis cócaireacht agus rince. Ní maith leis staidéar ach is breá leis an Ghaeilge agus Béarla. Is maith leis an múinteoir Béarla, ach is fearr leis an múinteoir Gaeilge!



Seo í Leah Miller. Is as Sasana í. Is léachtóir í ag Ollscoil Bhostún. Is maith léi Bostún, agus is maith léi an ollscoil. Is breá léi leabhair. Is fuath léi Sasana; is fearr léi Meiriceá. Is maith léi rince agus caife láidir.

b) Write blurbs about two of the following:

Susan Boyle (Albanach / as an Albain)

Enrico de Gamba (Spáinneach / as an Spáinn)

Count Dracula (Rúmáineach / as an Rómáin)

Giuseppe Verdi (Iodálach / as an Iodáil)

Máirín Ní Ghallchóir (as Conamara / Éireannach / as Éirinn)

3. Make up an identity card about yourself. (Only reveal things which you don't mind sharing with the class!)

Example:

Is mise Aisling. Is mac léinn bunchéimeach ag Ollscoil Harvard mé. Is Éireannach mé; is as Baile Átha Cliath mé. Is cailín ard tanaí mé, agus is duine ciúin mé. Is maith liom bia Iodálach ach is fearr liom bia Indiach. Ní maith liom sport. Is breá liom Meiriceá ach is fuath liom George Bush. Is maith liom mo chúrsaí. Is breá liom an Ghaeilge.

4. Cuir Gaeilge air seo:

1. I like this new hat.
2. She likes tea, but she prefers coffee.
3. They hate American food.
4. We love the weather here.
5. That good horse is mine.
6. Do you like this university? Yes.
7. Máire doesn't like the cake, but she loves the ice cream.
8. Do you (pl) like the book? No.
9. Is this pen yours?
10. Does he remember the song?

TEANGA IS CULTÚR

Seanfhocail ('Proverbs')

Marbh le tae, agus marbh gan é. Damned if you do, and damned if you don't.
Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste. Broken Irish is better than clever English.

Rann ('Rhyme')

Is maith liom bainne I like milk
Is maith liom tae I like tea
Is maith liom codladh I like sleep
Ag deireadh an lae. at the end of the day.
(CC #333)

Amhrán: Nóra Bheag ('Song: Little Nóra')

Is maith le Nóra fataí rósta Nóra likes roasted potatoes
Is maith le Nóra im leo Nóra likes butter with them
Is maith le Nóra pis agus pónaire Nóra likes peas and beans
Is bainne na bó san oíche. And cow's milk at night.
(CC #204a)

Seanfhocail Eile ('More Proverbs')

The copula is often used to emphasize. If one wants to stress a certain quality in a person or object, one moves the adjective to the front, directly following the copula; *is fear maith é* becomes *is maith an fear é*. This construction is very common in traditional idioms and proverbs:

Is maith an t-anlann an t-ocras. Hunger is a good sauce.
Is trom an t-ualach aineolas. Ignorance is a heavy burden.
Is trom cearc i bhfad. Even a hen is heavy when carried far.
Is mór an rud grá nó eagla. Love or fear will move mountains.
Is buaine clú ná saol. Fame is more lasting than life.

3

CEAHT A TRÍ

FOCLÓIR

ainm (m)	name
athair (m)	father
béal (m)	mouth
bean chéile (f)	wife
bolg (m)	stomach
bóthar (m)	road
bríste (m)	trousers
cara (m)	friend
ceann (m)	head
ceoltóir (m)	musician
clann (f)	children
cluas (f)	ear
cos (f)	foot
croí (m)	heart
dath (m), pl dathanna	color
deartháir (m)	brother
deirfiúr (f)	sister
dlíodóir (m)	lawyer
dochtúir (m)	doctor
duine (m)	person
fear céile (m)	husband
feirmeoir (m) ¹⁹	farmer
geansaí (m)	sweater (US) / jumper (B&I)
glúin (f)	knee
gruaig (f)	hair
hata (m)	hat
iníon (f)	daughter
lámh (f)	hand
leanbh (m)	child
mac (m)	son
máthair (f)	mother
post (m)	job
scéal (m)	story
srón (f)	nose
stábla (m)	stable
súil (f)	eye
teach (m)	house

¹⁹ *Feilméara* is an acceptable alternate form for *feirmeoir* in Connacht Irish

teaghlach (m)	family
tuismitheoir (m), pl: tuismitheoirí	parent
álainn	beautiful
bocht	poor
buí (m. noun and adj)	yellow
cailiúil	famous
dearg (m. noun and adj)	red
donn (m. noun and adj)	brown
dorcha	dark
droch- (prefix)	bad
glas (m. noun and adj)	green (as in vegetation); also grey/blue
gorm (m. noun and adj)	blue
liath (m. noun and adj)	grey, grey-haired
saibhir	wealthy
sean	old
uaine (f. noun and adj)	green (as in garments etc.)
is trua é, is trua é sin	it's a pity, that's a pity

COMHRÁ

Liam and Síle are looking at photographs from home:

Síle: Seo iad mo thuismitheoirí. Is filméaraí iad, agus is é seo ár dteach. Sin é m'athair, agus sin í mo mháthair, agus is í sin mo dheirfiúr. Bheul, sin íad a lámh agus a cos!

Liam: An é sin do dheartháir?

Síle: Is é.

Liam: An mac léinn é freisin?

Síle: Ní hea. Is ceoltóir é.

Liam: Agus do dheirfiúr?

Síle: Is dochtúir í. Seo í lena²⁰ fear céile. Is fear deas é. Agus seo í a gclann: Séamas agus Caitlín agus Cormac. Is é Séamas an duine is sine²¹, agus is é Cormac an leanbh.

Liam: Agus céard é sin?

Síle: Sin é an stábla. Agus seo iad ár n-anmhaithe: bó, agus caoirigh, agus seo é Tiarnán, ár mada.

Liam: Is mada álainn é. Cé leis é? An leatsa é?

Síle: Is liom. Is é mo mhada féin é. Is breá liom Tiarnán.

²⁰ *Lena* < prep *le* 'with' + 3sg f poss pron *a* 'her'.

²¹ *Sine* is the superlative form of *sean* 'old'; *an duine is sine* 'the oldest person'.

AN CEACHT GRAMADAÍ

§1. Possessive Pronouns

mo / m'	my	ár	our
do / d'	your (sg)	bhur	your (pl)
a	his	a	their
a	her		

- The possessive pronoun causes three distinct types of mutation to the noun it modifies:

§1.1 *Séimhiú* (Lenition)

- The first and second singular and the third singular masculine possessive pronouns cause *séimhiú*.

mo theach	my house
do theach	your house
a theach	his house

- Note that *mo* and *do* are reduced to *m'* and *d'* before vowels and fh+vowel.

m'athair	my father
d'fhear céile	your husband

§1.2 Prefixing 'h'

- The third singular feminine possessive pronoun does not cause *séimhiú*, but will prefix h to a noun beginning with a vowel (see Ceacht 2):

a teach	her house
a hiníon	her daughter

§1.3 *Urú* (Eclipsis)

- The plural possessive pronouns all cause a mutation called *urú* 'eclipsis'.

Urú ('Eclipsis')

Eclipsis (*urú*) affects essentially the same set of letters as lenition (*séimhiú*), except that the letters 'm' and 's' are not affected. The term eclipsis refers to the sound of a letter being 'eclipsed' by a prefixed letter. Phonologically, eclipsis covers two mechanisms:

1) The voiced plosives 'b' 'd' 'g', and all vowels, are nasalized to the point of being eclipsed by nasals:

ár mbean [m]	ár ngasúr [ng/n]
ár ndochtúir [n]	ár n-athair [n]

2) The unvoiced plosives 'p' 't' 'c' and the fricative 'f' are voiced:

ár bpeann [b]	ár gceann [g]
ár dteach [d]	ár bhfuinneog [w/v]

- Some examples:


<i>mother</i>	<i>father</i>	<i>problem</i>
mo mháthair	m'athair	m'fhadhb
do mháthair	d'athair	d'fhadhb
a mháthair	a athair	a fhabhb
a máthair	a hathair	a fadhb
ár máthair	ár n-athair	ár bhfadhb
bhur máthair	bhur n-athair	bhur bhfadhb
a máthair	a n-athair	a bhfadhb

- Note that the only distinction between the third person possessive pronouns 'her' 'his' 'their' is in their effect upon the following word:

a teach	her house
a t each	his house
a d each	their house

§1.4. Possessive Pronoun + *féin*

- Féin* after the possessive pronoun means 'own':
mo theach féin my own house



§2. An Chopail (The Copula): Identification Sentences

- So far we have looked at copula sentences that *classify* nouns ('classification sentences'):
Is mac léinn í She is a student (she belongs to the class of persons called students)

- In the classification sentence, the predicate directly follows the copula, and the pronoun is in final position. The predicate in this type of sentence is always *indefinite*.

If we want to *identify* a thing or person, the structure is different: the copula is followed by the pronoun, and the noun is *definite* (i.e. it is preceded by the article, a possessive pronoun, or it is a personal name or place name).

§2.1. The Emphatic Pronoun

- The emphatic pronoun rather than the simple pronoun is commonly used:

Is eisean an múinteoir.	He is the teacher.
An ise an rúnáí? Ní hí ach an léachtóir.	Is she the secretary? No, the lecturer.
An tusa Seán? ²²	Are you Seán? ²³
Is mise Áine.	I am Áine.

²² Because of the Dental Rule, *tú/tusa* follow *an*, rather than *thú/thusa*. Cf. *Is tú* (§2.3).

²³ But note if the emphasis is on the predicate rather than the subject pronoun, the simple rather than the emphatic pronoun may be used: *An tú Seán?* 'Are you Seán?'

§2.2. The Third Person Copula Sentence

- The treatment of the third person (he, she, they) identification sentence offers further complexity.

§2.2.1. With the demonstrative pronoun *sin /seo*:

Is í sin an múinteoir.	An í sin an múinteoir?
Is é seo an peann.	An é seo an peann?
Is é sin m'athair.	An é sin m'athair?

§2.2.2. Simple Structure: *Seo é an peann*

- In the affirmative only, a simple structure can be used which dispenses with the copula:

Sin é an múinteoir.	That is the teacher.
Seo é an peann.	This is the pen.
Sin é m'athair.	That's my father.

§2.2.3. 'Echoing' Pronoun

- In the absence of an emphatic or demonstrative pronoun, an identification sentence in the third person has an additional 'echoing' pronoun:

Is é an múinteoir é.	He is the teacher.
Is í an léachtóir í.	She is the lecturer.
Is iad mo thuismitheoirí iad.	They are my parents.

§2.2.4. 'Proleptic' Pronoun

- If the subject is a proper noun (e.g. a name), the syntax is different: instead of an 'echoing' pronoun at the end of the sentence, we have a 'proleptic' pronoun at the beginning, i.e. a pronoun that anticipates the proper noun:

Is é Séamas an múinteoir.	Séamas is the teacher.
Is í Síle an léachtóir.	Síle is the lecturer.
Is iad Áine agus Aoife mo dheirfiúracha.	Áine and Aoife are my sisters.

- Note that the proleptic pronoun also occurs with proper nouns in classification sentences:

Is dochtúir é Séamas.	Séamas is a doctor.
-----------------------	---------------------

§2.3. Responses

- The responsive always echoes the pronoun used in the question. The simple, non-emphatic pronoun is used even if the emphatic is used in the question:

An tusa an rúnáí?	Is mé. / Ní mé.	Are you the secretary? Yes. / No.
An mise an léachtóir?	Is tú. / Ní thú.	Am I the lecturer? Yes. / No.
An eisean an gadaí?	Is é. / Ní hé.	Is he the thief? Yes. / No.
An í Síle an múinteoir?	Is í. / Ní hí.	Is Síle the teacher? Yes. / No.
An sibhse a thuismitheoirí?	Is muid. / Ní muid.	Are you her parents? Yes. / No.

An muidinne na ceoltóirí? Is sibh. / Ní sibh. Are we the musicians? Yes. / No.
 An iadsan na mic léinn? Is iad. / Ní hiad. Are they the students? Yes. / No.

§3. The Prefixed Adjectives *sean-* and *droch-*

- *Droch-* ‘bad’ and, when used attributively, *sean* ‘old’ are prefixed to the noun they modify and lenite it:

sean**b**hean an old woman
 droch**m**húinteoir a bad teacher
 droch**s**céal bad news

- Since it ends in ‘n’, *sean* does not lenite ‘d’ ‘t’ or ‘s’ (see Ceacht 2, §2 ‘Dental Rule’):

seanteach an old house.

§4. Na Dathanna (Colors)

- Colors can be used as nouns or adjectives. With the exception of *uaine*, all colors are masculine. If used as nouns, they often take the definite article:

Is maith liom *An Dearg is an Dubh* le Stendhal. I like Stendhal’s *Le rouge et le noir*.

Na Dathanna (Colors)			
bán	<i>white</i>	dubh	<i>black</i>
bándearg	<i>pink</i>	flannbhuí	<i>orange</i>
buí	<i>yellow</i>	glas	<i>green (natural)</i>
corcra	<i>purple</i>	gorm	<i>blue</i>
dearg	<i>red</i>	liath	<i>grey</i>
donn	<i>brown</i>	uaine	<i>green (fabrics et al.)</i>

CEACHTANNA LE DÉANAMH

1. Translate the following phrases, and then write out the full paradigm for each:
 1. my house (your house, his house, her house, our house, your house, their house)
 2. their sister
 3. our father
 4. his horse
 5. her foot
 6. his eye
 7. my ear
 8. their parents
 9. her name
 10. our dog

2. Cuir Gaeilge air:

1. My head; the head.
2. My eye; the eye.
3. My window; the window.
4. My nose; the nose.
5. My bread; the bread.

3. a) Translate and simplify the following sentences, according to the model:

Is é sin an múinteoir. 'That is the teacher.' > *Sin é an múinteoir.*

1. Is í seo m'íníon.
2. Is é seo ár dteach nua.
3. Is í seo mo lámh.
4. Is é sin a múinteoir.
5. Is í seo a máthair.

b) Now use the complex structure: *Sin é an dochtúir.* > *Is é sin an dochtúir.*

1. Seo é m'fhear céile.
2. Sin é a hathair.
3. Sin é an mada maith cliste.
4. Seo é an ceoltóir cailiúil.
5. Sin é a theach.

4. Cluiche Cainte: Cé mise?

Each student is given an animal identity and has to impersonate that animal by gesture or sound; the others have to guess.

Mac léinn A ('Student A'): *Cé mise?*

An rang ('the class'): *An tusa an bhó?*

Mac léinn A: *Is mé / Ní mé.*

5. Change the following classification sentences to identification sentences, according to the model:

An leabhar é sin? -> An é sin an leabhar?


1. An bó í seo?
2. An múinteoir thú?
3. An mac léinn nua thú?
4. Is éan beag é sin.
5. Is cara maith í.
6. Is bean í.
7. Is Meiriceánach é.
8. Is leabhar mór suimiúil é.
9. An ceoltóir thú?
10. Nach máthair mhaith í sin?

6. Cluiche Cainte: Seo é mo theaghlach ‘This is my family’
Pretend the other students are all members of your family whom you are introducing to someone. Identify them each by name and state your relationship. If you like, you can also show off their profession!
7. Cuir Gaeilge air:
A bad story; an old woman; an old man; an old house; a bad house; a bad mother; grandfather (literally ‘old father’); grandmother (literally ‘old mother’).
8. Incorporate a prefixed adjective into the following sentences:
is capall é > is seanchapall é
1. is muc í
 2. is cat é
 3. is peann é
 4. is cailc í
 5. is bean í sin.
9. Add color terms of your choice to the following sentences, and translate:
1. An peann é sin?
 2. Is maith liom cailc.
 3. Is geansaí é.
 4. Nach leabhar é seo?
 5. Is liomsa an capall.

Obair Bhaile

1. Write a paragraph on your color preferences, and your preferred choice of colors in clothes.
Example: *Is maith liom an dearg agus an buí, agus is breá liom corcra chomh maith. Ní miste liom an gorm ach is fuath liom an donn agus an dubh. Ní maith liom dathanna dorcha. Is maith liom bríste corcra agus geansaí bándearg, agus is breá liom hata dearg leis!*
2. Cuir Gaeilge air:
1. He is not my brother.
 2. I am your mother.
 3. Her father is the professor.
 4. Do you remember her name? I do. She is an old friend of mine (*liom*; see #2, §3.1).
 5. He doesn’t like his new job.
 6. That man is their father.
 7. Do you own this old dog? Yes. He is a smart dog.
 8. Cáit is not my sister; she’s my mother!
 9. They love the new house; I prefer the old house.
 10. Their son is a doctor.

3. Make up noun phrases (consisting of the definite article, noun, and adjective) for each of the pictures below:



TEANGA IS CULTÚR

Amhrán: Bean Pháidín

Is é an trua ghéar nach mise, nach mise
Is é an trua ghéar nach mise bean Pháidín.
Is é an trua ghéar nach mise, nach mise,
Is an bhean atá aige bheith caillte.

Go mbristear do chosa, do chosa
Go mbristear do chosa, a bhean Pháidín
Go mbristear do chosa, do chosa
Go mbristear do chosa is do chnámha.

It's a great pity that I'm not, I'm not
It's a great pity that I'm not Páidín's wife.
It's a great pity I'm not, I'm not –
and that his wife isn't dead!

May you break your legs, your legs,
May you break your legs, wife of Páidín.
May you break your legs, your legs,
May you break your legs and your bones.

Seanfhocail

Is fearr rith maith ná drochsheasamh.

Drochubh, drochéan.

A good run is better than a bad stand.

You'll get a bad bird from a bad egg.

Rann

Na cait a bhí ag Fionn Mac Cumhail:
Seangchat, Seanchat
Ramharchat, Marbhchat
Síchat, Dúchat,
Liathchat, Fiachat
Piscín bliana agus meathlóir.

These are the cats of Fionn Mac Cumhail:
Lean Cat, Old Cat
Fat Cat, Dead Cat
Fairy Cat, Evil Cat
Grey Cat, Wild Cat
Year-Old Kitten and Coward.

SÚIL SIAR (REVISION): CEACHT 1 - CEACHT 3

Can you say the following things? If you can't, or you're not quite sure, go back to the lesson and paragraph indicated after each item:

- say 'I / you / he / she / we / you / they' (§1.1)
- say 'this is a book' (§1.2)
- say 'it is a book' (§1.3)
- say 'it is a good book' (§1.4)
- say that you are a student, that Liam is a teacher, and that Nóra is a good poet (§1.3)
- say who you are, know how to greet someone; wish them good-bye (§1.5)
- say 'the woman / the window / the chalk / the bread' (§2.1)
- say 'the good woman / the nice woman' (§2.2)
- say 'with me / you / him / her / us / you / them' (§2.3)
- say 'I like / hate / love Irish' (§2.3)
- say 'without a pen / a doubt' (§2.4)
- say 'my / your / his / her / our / your / their house' (§3.1)
- say 'Máire is the teacher'; 'It is the pen' (§3.2)
- say 'an old woman'; 'an old house'; 'a bad man' (§3.3)
- say 'it is a red / green / blue / yellow / pink / orange / brown sweater' (§3.4)

Revision Exercises

You should by now be able to translate the following sentences:

1. Is he a student? No, he is the teacher.
2. Is that your sister? Yes.
3. Is she a lecturer? Yes. She is a good lecturer.
4. Is that her name? It is a beautiful name.
5. That horse belongs to Máirín. It's a strong horse.
6. Séamas is my Irish teacher. He is a famous (*cailiúil*) poet.
7. These are our parents. They are from Carna.
8. It's a little old house, but it's her own house, and she loves it.
9. Is this my dinner? I don't like it. It is bad food.
10. Are you the poet? No. I am a musician.

4

CEAHT A CEATHAIR

FOCLÓIR

áthas (m)	happiness
brón (m)	sorrow
bronntanas (m)	present
cóta (m)	coat
deifir (f)	hurry
díomá (f)	disappointment
eagla (f)	fear
fearg (f)	anger
an Fhrainc (f)	France
imní (f)	anxiety, worry
iontas (m)	surprise, wonder
náire (f)	shame
ocras (m)	hunger
Páras	Paris
píosa (m)	a piece
spéirbhean (f)	dream woman
tart (m)	thirst
tinneas cinn (m)	headache
tinneas fiacaile (m)	toothache
trua (f)	pity
tuirse (f)	fatigue, tiredness
briste	broken
cairdiúil	friendly
ciúin	quiet
críochnaithe	finished
dathúil	handsome, beautiful
deacair	difficult
déanta	done
dúnta	closed
fada	long
fuair	cold
gearr	short
gléasta	dressed
iontach	wonderful
olc	bad
oscailte	open
ramhar	fat
sásta	content

sona	happy
te	hot
tinn ^C	sore, sick
tuirseach	tired
a (before a person's name etc)	vocative marker
an ceann seo (m)	this one
anseo	here
ansin	there
ar fad	altogether, very
ar chor ar bith	at all
bhuel!	well!
go raibh maith agat	thank you
inniu	today
thall ansin	over there

COMHRÁ

Aisling is having something to eat in the student cafeteria. Síle joins her.

Síle: Cén chaoi a bhfuil tú, a Aisling?

Aisling: Tá mé go maith. Agus tú féin?

Síle: Tá mé ceart go leor.

Aisling: Níl cuma rómhaith ort – an bhfuil aon rud cearr leat?

Síle: Tá slaghdán orm, agus tá mé beagán tuirseach, ach níl mé go dona. – Tá tusa gléasta go deas inniu. Is maith liom an geansaí atá ort - tá sé go hálainn.

Aisling: Go raibh maith agat. Is bronntanas ó mo dheirfiúr é. Is as Páras é – tá sí sa bhFrainc²⁴ i mbliana.

Síle: Oh là là, très chic. Tá sé an-deas ar fad.

Aisling: An maith leat císte? Tá an ceann seo fíormhaith. Seo píosa beag duit.

Síle: Sin é píosa mór – go raibh maith agat. Tá ocras mór orm. Hmm. Tá sé an-bhlasta ceart go leor.

Aisling: Nach bhfuil?

Síle: A Aisling, cé hé an buachaill thall ansin? An é sin an mac léinn nua?

Aisling: Is é.

Síle: Cén t-ainm atá air?

²⁴ *sa* 'in the'; *sa bhFrainc* 'in France' < *i* + *an Fhrainc*. You will learn how to use *sa* in Ceacht a Sé / Lesson Six.

Aisling: Seán atá air. Is as Gaillimh é.

Síle: Tá sé an-dathúil, nach bhfuil?

Aisling: Níl sé go dona ar chor ar bith. Ach tá brón orm - níl an t-ádh ort. Seo í a spéirbhean thall ansin. Áine atá uirthi.

Síle: Ah bhuel. Nach mór an trua sin.

AN CEACHT GRAMADAÍ

Dependent Pronouns		
Regular		Emphatic
mé	<i>I</i>	mise
tú	<i>you (sg.)</i>	tusa
sé	<i>he</i>	eisean
sí	<i>she</i>	ise
muid	<i>we</i>	muidne
sibh	<i>you</i>	sibhse
siad	<i>they</i>	iadsan

§1. The Substantive Verb and the Dependent Pronoun

- As we have seen, the copula is used to classify ('it is a house') or to identify the subject ('it is *the* house'). The substantive verb *tá*, on the other hand, is used to *describe* the subject:

Tá an teach mór

The house is big.

§1.1. *Tá* and the Dependent Pronoun

- The set of pronouns used with *tá* **and any conjugated verb** (hence 'dependent pronouns') differs slightly from the set we have learned so far, having *sé*, *sí* and *siad* in the third person singular and plural instead of *é*, *í* and *iad* and *tú* in the second person singular instead of *thú*. Note that the form of the verb is the same for all persons:

tá mé	<i>I am</i>	tá muid	<i>we are</i>
tá tú	<i>you are</i>	tá sibh	<i>you are</i>
tá sé	<i>he is</i>	tá siad	<i>they are</i>
tá sí	<i>she is</i>		

- The relative form of *tá*, which is used in many questions, is *atá*:

Cén t-ainm atá ort?

What's your name?

Céard atá cearr leat?

What's wrong with you?

§1.2. The Dependent Forms of the Substantive Verb

- The substantive verb has distinct forms used with the negative and interrogative forms of the verb. These we call the dependent forms.

Negative:	níl
Interrogative:	an bhfuil?
Neg. interrogative:	nach bhfuil?
Where is:	cá bhfuil?

Interrogative		Negative	
an bhfuil mé?	<i>am I?</i>	níl mé	<i>I am not</i>
an bhfuil tú?	<i>are you?</i>	níl tú	<i>you are not</i>
an bhfuil sé?	<i>is he?</i>	níl sé	<i>he is not</i>
an bhfuil sí?	<i>is she?</i>	níl sí	<i>she is not</i>
an bhfuil muid?	<i>are we?</i>	níl muid	<i>we are not</i>
an bhfuil sibh?	<i>are you?</i>	níl sibh	<i>you are not</i>
an bhfuil siad?	<i>are they?</i>	níl siad	<i>they are not</i>

Níl mé tuirseach.

An bhfuil an obair críochnaithe?

Nach bhfuil an fhuinneog briste?

Cá bhfuil mo leabhar?

I am not tired.

Is the work finished?

Isn't the window broken?

Where is my book?

§1.3. 'Yes' and 'No' with the Substantive Verb

- As we have already learned, there is no word for yes or for no in Irish. Instead we respond with a form of the verb used in the question. Thus, a yes or no response to a question using the substantive verb will be *tá* or *níl*.

An bhfuil tú fuar?

Tá, tá mé fuar.

Níl, tá mé te.

Are you cold?

Yes, I am cold.

No, I am hot.

An bhfuil an chaora sin ramhar?

Níl, níl sí ramhar. Tá sí tanaí.

Is that sheep fat?

No, it is not fat. It is thin.

§1.4. The Predicative Adjective

- Note that there is no mutation of the adjective in this context, whether it describes a masculine or feminine noun. Here, the adjective is not part of the noun phrase, but functions as its predicate:

Tá an fear mór.

Tá an bhean mór.

The man is tall.

The woman is tall.

- Compare the attributive adjective, where the adjective changes according to the gender and number of the noun it describes (Ceacht 2):

an fear mór	the tall man
an bhean mhór	the tall woman.

§2. The Preposition *ar*

§2.1. The preposition *ar* lenites the following noun

ar Mháire	on Mary
-----------	---------

- The preposition *ar* is used in many idiomatic expressions. Clothing and some other aspects of someone's appearance, including physical and even intellectual features, are conceptualized as being 'on' a person:

Tá hata ar Mháire.	Máire is wearing a hat.
Tá gruaig dhubh ar Shéamas.	Séamas has black hair.
Tá an t-ádhdh ar Sheán.	Seán is in luck.
Tá ceann maith ar Aisling.	Aisling has a good head on her. (i.e. Aisling is clever.)

AR `on'		
<i>regular</i>		<i>emphatic</i>
orm	<i>on me</i>	ormsa
ort	<i>on you</i>	ortsa
air	<i>on him</i>	airsean
uirthi	<i>on her</i>	uirthise
orainn	<i>on us</i>	orainne
oraibh	<i>on you</i>	oraibhse
orthu	<i>on them</i>	orthusan

- The same construction is used to express a variety of feelings, states of being and physical conditions, particularly of the unpleasant sort, such as diseases:

<i>Tá ... orm: Idioms</i>	
Tá fearg orm.	I am angry.
Tá brón orm.	I am sorry/sad.
Tá eagla orm.	I am afraid.
Tá inní orm.	I am worried/anxious.
Tá náire orm.	I am ashamed.
Tá deifir orm.	I am in a hurry.
Tá áthas orm.	I am glad/happy.

Tá díomá orm.	I am disappointed.
Tá tart orm.	I am thirsty.
Tá ocras orm.	I am hungry.
Tá tuirse orm.	I am tired.
Tá tinneas cinn orm.	I have a headache.
Tá slaghdán orm.	I have a cold.

- If you want to say that you are *very* angry etc., you add *mór* after the noun:

Tá fearg mhór orm.	I am very angry.
Tá brón mór orm.	I am very sorry.

- Note, however, that ‘ar’ does not lenite the possessive pronoun.

Tá áthas ar mo mhúinteoir.	My teacher is happy.
----------------------------	----------------------

§3. The Intensifying Prefixes *an-*, *fíor-*, and *ró-*

- The intensifiers *an-* ‘very’, *fíor-* ‘truly, really’ and *ró-* ‘too, excessively’ are prefixed to adjectives (and occasionally to nouns), leniting the word they modify (*an-* is always followed by a hyphen; *fíor* and *ró* only if homorganic letters need to be separated, e.g. *fíor-réasunta*; *ró-olc*):

an-sásta	very satisfied
an-mhaith	very good
fíormhaith	truly good, really good
rófhuar	too cold

- Occasionally they are also prefixed to a noun, particularly in the case of *an-*:

Tá an-ocras orm.	I am very hungry.
------------------	-------------------

- Because this does not work with all nouns, stick to this example for now!
- Be careful not to confuse *an-* (intensifying prefix) with *an* (definite article).

§4. The Particle *go*: *Tá mé go maith*

- The following common adjectives are usually preceded by the particle *go* when used predicatively;²⁵ note that the particle *go* prefixes *h* to words beginning with a vowel (see ‘Prefixing h’, Ceacht 3):

go hálainn (‘beautiful’)	go maith (‘good’, ‘well’)
go haoibhinn (‘pleasant’)	go hiontach (‘wonderful’)
go breá (‘lovely’)	go deas (‘nice’)
go dona (‘bad’)	go holc (‘awful’)

²⁵ The use of the particle *go* is optional in this context in Ulster Irish; elsewhere in Ireland it is obligatory. This use of *go* seems to be an (agrammatical) extension of the normal function of *go*, namely to turn an adjective into an adverb: *Tá sé ag tiomáint go dona* ‘he is driving badly.’

Tá mé go maith. I am well.
Tá an aimsir go hálainn inniu. The weather is beautiful today.

- *Go* is not used if the adjective is qualified by the prefixed intensifiers *fíor-* and *ró-*:

Tá sí fíormhaith. She is really good.

- *Go* is, however, used if the adjective is qualified by *an-*:

Tá mé go han-mhaith. I am very well.

§5. Conversational Idioms

§5.1. *Cén chaoi a bhfuil tú?* ‘How are you?’

- The question *Cén chaoi a bhfuil tú?* meaning ‘How are you?’ may function as an introductory greeting instead of *Dia duit*, *Haileó* etc. Some possible responses include:

Tá mé go maith. / Go maith.	I am well.
Tá mé go hiontach.	I am doing great/wonderful.
Tá mé go breá.	I am fine.
Níl mé go dona.	I’m not doing badly.
Tá mé ceart go leor.	I’m all right.
Tá mé go dona.	I am doing badly/not well.

- The following interchange might start any conversation:

Cén chaoi a bhfuil tú?	How are you?
Go maith. Agus tú féin?	Well. And you?
Tá mé go breá.	I’m fine.

§5.2. *Céard atá cearr leat?* ‘What’s wrong with you?’

- If the response to *Cén chaoi a bhfuil tú?* is less than cheerful, you can follow up by asking:

An bhfuil aon rud cearr leat?	Is anything wrong with you?
Céard atá cearr leat?	What’s wrong with you?
Céard atá ort?	What’s wrong with you?

- You might hear the following answer:

Tá mé tinn.	I am sick.
Tá mé tuirseach.	I am tired.
Tá tuirse orm.	I feel fatigued / tired.
Tá slaghdán orm.	I have a cold.
Tá tinneas cinn orm.	I have a headache.
Tá tinneas fiacaile orm.	I have a toothache.

- You can use the same construction for other illnesses, e.g. *fiabhras* (‘fever’), *ailse* (‘cancer’), *an fliú* (‘the ‘flu’), and *tinneas goile* (‘stomach ache’).

4. Intensify the following adjectives, according to the model: *Maith* > *an-mhaith* > *fíormhaith* > *rómhaith*

1. fuar
2. te
3. láidir
4. ciúin
5. blasta

5. Obair Bheirte: Cén chaoi a bhfuil tú?

Pair up with another student. Pretend you're meeting in the street, and talk about how terribly ill you both feel. Then have another round, but this time you both feel fabulous. If you like, the weather may reflect your current mood.

6. Cluiche Cainte: *Cé hé / hí?*

Describe one of the students in your class; your classmates must guess who it is you are describing.

Tusa: *Tá sí ard tanaí agus tá sí an-chiúin. Tá geansaí gorm uirthi, agus bríste dubh. Tá gruaig rua uirthi. Tá sí an-chairdiúil.*

An rang: *An í sin Máire? / Is í Máire í.*

Tusa: *Is í / Ní hí.*

Obair Bhaile

1. Cuir Gaeilge air:

1. Séamas has a headache today; he has a cold and is very tired.
2. She isn't looking too well; is she alright?
3. It's very cold. Is the door open?
4. Is the big window broken?
5. Their father is very sick; he has cancer.
6. He's wearing a black coat and a red hat.
7. Isn't the brown bread very good?
8. That interesting work is finished.
9. Aren't they ashamed?
10. Are you (pl) in a hurry? No, but we're very tired.

2. Write a paragraph about your *spéirbhean* / *spéirfhear*, the woman or man of your dreams. Strict adherence to the truth is not necessary in this exercise.

TEANGA IS CULTÚR

Amhrán: Téir Abhaile ‘Riú’ (Ulster Dialect)

1. Téir^U abhaile ‘riú^U, téir abhaile ‘riú
Téir abhaile ‘riú, a Mhary,
Téir abhaile ‘riú, is fan sa bhaile^U
Mar tá do mhargadh déanta.

Curfá:

Níl mo mhargadh, tá do mhargadh
Níl mo mhargadh déanta
Tá do mhargadh, níl mo mhargadh,
Tá do mhargadh déanta.

2. Is cuma cé dhein^U é nó nach dhein
Is cuma cé dhein é, a Mhary
Is cuma cé dhein é nó nach dhein
Mar tá do mhargadh déanta.

3. Pós an píobaire, pós an píobaire
Pós an píobaire, a Mhary
Pós an píobaire i dtús na hoíche
Agus beidh sé agat ar maidin.

1. Go home, go home
Go home, Mary,
Go home and stay home
Because your match is made.

Refrain:

My match is NOT made – Yes it is –
My match is NOT made.
Your match is made – No it isn’t –
Your match is made.

2. It doesn’t matter who made it or who didn’t
It doesn’t matter who made it, Mary
It doesn’t matter who made it or who didn’t
For your match is made.

3. Marry the piper, marry the piper
Marry the piper, Mary
Marry the piper in the evening
and he’ll be with you in the morning

Tomhas (‘Riddle’)

Níl sé amuigh ort
Níl sé istigh ort,
Tá sé ort
Is ní trom é.
(CC #445)

It’s not on your outside
It’s not inside you
It’s on you
And it’s no weight to you.

Dhá Rann (‘Two Rhymes’)

Tá capall is cairt ag Seán Ó hAirt;
Tá bó agus lao ag Seán Ó Sé;
Tá peata uain ag Seán Ó Cluain;
Is sin é an fáth nach bhfuil orthu buairt.
(RR 17)

Seán Ó hAirt has a horse and cart;
Seán Ó Sé has a cow and a calf;
Seán Ó Cluain has a pet sheep;
And that’s why they’re so happy.

Tá an Deisceart go hálainn
Tá an Tuaisceart go breá
Tá an t-Oirthear go séimh
Is tá an tIarthar thar barr.
(CC #285)

The South is beautiful
The North is fine
The East is pleasant
And the West is the best.

5

CEAHT A CÚIG

FOCLÓIR

ag caint (le)	talking (to)
ag canadh	singing
ag cócaireacht	cooking
ag cur báistí	raining
ag cur sneachta	snowing
ag damhsa	dancing
ag déanamh	doing
ag dul / ag goil ^C	going
ag éisteacht (le)	listening (to)
ag éirí	rising, getting up, becoming
ag fanacht (le)	waiting (for); staying
ag breathnú (ar) ^C	looking, watching
ag breathnú ar an teilifís	watching TV
ag foghlaim	learning
ag gáire	laughing
ag ithe	eating
ag labhairt (le)	speaking
ag léamh	reading
ag obair	working
ag ól	drinking
ag rá	saying
ag rince	dancing
ag rith	running
ag scríobh	writing
ag siúl	walking
ag snámh	swimming
ag soilsiú	shining
ag staidéar	studying
ag teacht	coming
ag tiomáint	driving
airgead (m)	money
Béarla (m)	English (language)
Breatnais (f)	Welsh (language)
Briotáinis (f)	Breton (language)
carr (m)	car
codladh (m)	sleep
cónaí (m)	dwelling, living place
dúiseacht (f)	waking state
an Eilvéis (f)	Switzerland

fios (m)	knowledge
Fraincis (f)	French (language)
Gaeilge na hAlban (f)	Scottish Gaelic (language)
gealach (f)	moon
Gearmáinis (f)	German (language)
grian (f)	sun
Iodáilis (f)	Italian
luí (m)	lying, reclining
seasamh (m)	standing
Sínis (f)	Chinese (language)
Spáinnis (f)	Spanish (language)
suí (m)	sitting
tost (m)	silence
báite	drowned
fliuch	wet
grianmhar	sunny
scamallach	cloudy
tirim	dry
anois	now
arís	again
buíochas le Dia!	thank God!
duit	to you (sg)
go fóill	yet, still
inniu	today

COMHRÁ

Síle has a piece of gossip for Aisling about their friend Pádraigín.

Síle: A Aisling, tá scéal agam duit. Tá buachaill ag Pádraigín!

Aisling: An bhfuil anois? An bhfuil sé deas? Cén chuma atá air?

Síle: Tá sé an-dathúil. Tá sé ard tanaí. Tá súile gorma aige agus tá gruaig dhubh air. Tá sé an-chliste chomh maith.

Aisling: Cé as é?

Síle: Is as an Eilvéis é, agus tá Fraincis agus Gearmáinis líofa aige.

Aisling: An bhfuil Gaeilge aige go fóill?

Síle: Níl mórán, ach tá sé ag foghlaim.

Aisling: Cén t-ainm atá air?

Síle: Henri atá air.

Aisling: An bhfuil a fhios agat cá bhfuil sé ag fanacht?

Síle: Tá sé ina chónaí i mBaile Átha Cliath. Tá sé ag staidéar ag an ollscoil.

§1.3. Possessions: How to Express Capitalist Notions

- There is no verb ‘to have’ in Irish. Two constructions serve to express the notion of possession. One we know already:

Is liomsa an peann.	The pen is mine.
---------------------	------------------
- The more usual (‘unmarked’) way to express possession uses the preposition *ag*:

Tá airgead agam.	I have money.
An bhfuil carr agat?	Do you have a car?
- The Irish for ‘thank you’ is really a blessing, ‘May there be good at you’; it is often used with a numeric hyperbole:

Go raibh míle maith agat!	A thousand thanks!
---------------------------	--------------------
- The negative *níl*, combined with *ach* ‘but’, expresses the notion ‘only’:

Níl ach leabhar amháin agam.	I have only one book.
------------------------------	-----------------------

§1.4. Possession of Knowledge / Abilities

- The same idiom *tá ... agam* is also used to express possession of knowledge – including knowledge of a language – and ability:

Níl a fhios agam cé as é.	I don’t know where he is from.
Tá aithne agam ar Sheán.	I know Seán. (i.e. I am acquainted with Seán.)
An bhfuil Gaeilge agat?	Do you know/speak Irish?
Níl Fraincis ar bith ag Seán.	Seán doesn’t know/speak any French.
An bhfuil tiomáint aige?	Can he drive?
Tá ceol aici.	She can sing.

§2. The Preposition *i* and the Use of *ann*

- Like other prepositions, *i* ‘in’ has a full conjugated paradigm (see Ceacht 7), but for now we are only concerned with the third person singular *ann*. Although formally masculine, it is best thought of as a neuter, impersonal ‘in it’, which may in some contexts be translated as ‘there’, in others not translated at all:

An bhfuil mórán daoine ann?	Are there many people?
Níl duine ar bith ann.	There’s no one there.
Tá lá deas ann.	It’s a nice day.
Níl ann ach báisteach.	It’s only a shower.

§3. Stative Expressions I

- With a limited set of expressions (seven in all), the preposition *i* is used in combination with the possessive pronoun to express states of being. Note that the possessive pronoun mutates the following verbal noun:

Tá sí ina suí.

She is sitting ('She is in her sitting').

Tá mé i mo chónaí anseo.

I live here.

Tá tú i do shuí.

You are up (sitting).

Tá sé ina thost.

He is silent.

Tá sí ina codladh.

She is sleeping.

Tá muid inár seasamh.

We are standing.

Tá sibh in bhur ndúiseacht.

You are awake.

Tá siad ina luí.

They are in bed (lying down).

§4. An Aimsir (The Weather)

- The weather is an inexhaustible source of conversation in Ireland; as the proverb has it, *is maith an scéalaí an aimsir* 'the weather is a good conversationalist'. When meeting someone in the street, Irish speakers frequently pass a comment on the weather as well as, or indeed instead of, a formal greeting:

'Tá lá breá ann inniu.'

'Nice day today.'

'Tá cinnte, buíochas le Dia.'

'It is indeed, thank God.'

- Essential weather expressions:*

Tá lá deas ann inniu

It's a nice day today

Tá drochlá ann

It's a bad day

Tá an aimsir ...

The weather is ...

go maith

good

go hálainn / go breá

beautiful / fine

go haoibhinn / go deas

pleasant / nice

go dona / go holc

bad / ditto

Tá sé te / fuar

It is hot / cold

Tá sé fliuch / tirim

It is wet / dry

Tá sé grianmhar / scamallach

It is sunny / cloudy

Tá sé ag cur báistí / Tá sé ag cur

It is raining

Tá mé fliuch báite

I am drenched

Tá sé ag cur sneachta

It is snowing

Tá an ghrian ag soilsiú.

The sun is shining.

§5. An Foirfe (The Perfect Tense)

- The perfect tense in Irish is a composite tense, made up of the substantive verb *tá* and a past participle of the verb. The past participle is often used simply as an adjective, both predicatively (*tá an fhuinneog briste*) and attributively (*an fhuinneog bhriste*). But the past participle always implies a past activity: the window is now broken because someone broke it in the past. The agent of the activity is indicated by the pronoun *ag*:

Tá an obair déanta agam.	I have done the work.
An bhfuil do dhinnéar ite agat?	Have you eaten your dinner?
Tá a hata caillte ag Seán.	Seán has lost his hat.
An bhfuil an litir léite agat? Níl go fóill.	Have you read the letter? Not yet.

- The past participle is generally formed by adding *-te* / *-the* to a slender stem and *-ta* / *-tha* to a broad stem. There are rules governing which particular form of ending a verb will take, but it may be easiest just to learn the most common participles:

báite	drowned, drenched
briste	broken
caillte	lost
caite	spent, consumed, worn out
críochnaithe	finished
curtha	put
déanta	done, made
dóite	burned
dúnta	closed
glanta	cleaned
ite	eaten
léite	read
millte	spoilt
nite	washed
ólta	drunk ²⁷
scríofa	written
stróicthe	torn

²⁷ While in English, ‘drunk’ is both the past participle of ‘drink’ and an adjective meaning ‘inebriated’, in Irish these are different words. *Ólta* does NOT mean ‘inebriated’. ‘He is drunk’ is expressed in this way: *Tá sé ar meisce*.

CEACHTANNA LE DEANAMH

1. Cuir Gaeilge air:

1. Séamas is running.
2. The teacher is laughing.
3. Are you (pl) driving?
4. He is not eating.
5. We are not listening to you (sg).

2. Cuir Gaeilge air:

1. She has a book.
2. We have a cat.
3. Do you (pl) have money?
4. They don't have a house.
5. Does he have a car?
6. Can you (sg) sing? (literally: Do you have music?)
7. I speak French. (literally: I have French.)
8. I can't drive. (literally: I don't have driving.)
9. Do you have time?
10. I don't know.

3. Cluiche Cainte: Cé hé an gadaí?

'An bhfuil a fhios agat cé hé an gadaí?' Everyone has 5 minutes to describe one person in class to the *bleachtair*, the detective.

4. Cuir Gaeilge air:

1. It's a good day.
2. There are people there.
3. There is a book there now.
4. It's a bad day.

5. Cuir Gaeilge air:

1. The little child is asleep.
2. We live here.
3. They are not awake.
4. Are you (pl) up (i.e. standing)?
5. Their father is silent.
6. She is sitting.
7. He lives there now.
8. Máirín is still in bed (i.e. lying).
9. Is she still asleep?
10. We are lying down (i.e. in bed).

6. Chain Drill

Tá mé i mo sheasamh - sí - muid - codladh - tusa - sibhse - tost - Seán - suí - a bhean chéile - mé - sise.

7. Cluiche: Tá mé i mo chodladh...

Students adopt stative positions; the teacher asks questions about their own, or other students' position, which students must answer truthfully.

8. Cuir Gaeilge air;

1. Have you (sg) finished the homework? Yes.
2. Has he broken the window again?
3. I haven't eaten my dinner yet.
4. They have drunk the coffee.
5. She has read the book.

Obair Bhaile

1. Cuir Gaeilge air:

1. Do you speak Irish? Yes.
2. She speaks good German.
3. I have a sister.
4. Do you (pl) have a car? No.
5. Do they have time? No; they're in a hurry.
6. Are you (pl) working?
7. The sun is shining.
8. They are not coming with us.
9. That red-haired woman is looking at (on) us.

2. Cén chaoi a bhfuil an aimsir inniu? Write a paragraph about the weather today. How does it compare to the kind of weather you like?

TEANGA IS CULTÚR

Seanfhocail ('Proverbs')

Is binn béal ina thost.

A silent mouth is sweet.

Is maith an scéalaí an aimsir.

The weather is a good conversationalist.

Casfhocal ('Tongue Twister')

Tá sicín ina seasamh sa sneachta lá seaca.

A chicken is standing in the snow one frosty day.

Amhrán: Tá Mé i Mo Shuí

Tá mé i mo shuí ó d'éirigh an ghealach aréir
Ag cur tine síos gan scíth, is á fadú go géar;
Tá bunadh an tí ina luí is tá mise liom féin;
Tá na coiligh ag glaoch is an saol ina gcodladh
ach mé.

I am up since the moon rose last night
Lighting a fire and setting it ablaze
The household is asleep and I am alone;
The cocks are crowing and everyone's asleep
but me.

Amhrán: Níl Sé ina Lá (I)

Níl sé ina lá, níl, a ghrá
Níl sé ina lá, is ní bheidh go maidin
Níl sé ina lá, is ní bheidh go fóill
Solas ard atá sa ngealaigh.

It's not day yet, love
It's not day yet and won't be till morning
It's not day yet, love
The moon is shining brightly.

6

CEAHT A SÉ

FOCLÓIR

ag ceannach	buying
ag cloisteáil	hearing
ag díol	selling
ag fáil	getting
ag feiceáil	seeing
ag glanadh	cleaning
ag siopadóireacht	shopping
ag staidéar	studying
ag tabhairt	giving
aithne (f)	acquaintance, knowledge of person
amharclann (f)	theatre
bialann (f)	restaurant
caife (m)	café / coffee
cathair (f)	city
ceantar (m)	area
cóisir (f)	party
cúrsaí (<i>pl of cúrsa 'course'</i>)	matters, things
duine (m)	person
an t-earrach (m)	the spring
eolas (m)	knowledge (of a place)
farraige (f)	sea
fómhar (m)	fall
geimhreadh (m)	winter
grá (m)	love
leaba (f)	bed
léacht (f)	lecture
leabharlann (f)	library
meas (m)	respect
oifig (f)	office
ollmhargadh (m)	supermarket
pictiúrlann (f)	cinema
samhradh (m)	summer
séasúr (m)	season
siopa (m)	shop
teach tábhairne (m)	pub

CEACHT A SÉ / LESSON SIX

leadránach	boring
pacáilte	packed
plódaithe	crowded
tinn tuirseach	sick and tired
amárach	tomorrow
an tseachtain seo caite	last week
anocht	tonight
anuraidh	last year
aréir; arú aréir	last night; the night before last
ar fad	complete(ly), entire(ly)
Cén fath?	why?
chuile ^C (< gach uile)	every
cuid mhór	a lot, much
faoin tuath	in the country side
inné	yesterday
le chéile	together

COMHRÁ

Liam and Aisling meet in front of the library.

- Aisling: Maidin mhaith, a Liam. Cén chaoi a bhfuil cúrsaí?
- Liam: Níl siad go dona. Cén fath nach raibh tú ag an gcóisir aréir?
- Aisling: Bhí mé ag obair sa mbialann. An raibh cuid mhór daoine ann?
- Liam: Bhí. Bhí an áit pacáilte plódaithe. Bhí ceol maith ann, agus bhí chuile duine ag damhsa.
- Aisling: An raibh Henri agus Pádraigín ann?
- Liam: Bhí! Bhí siad ag damhsa le chéile an oíche ar fad.
- Aisling: Nach breá an rud é an grá! Cén fath nach raibh tú sa rang inniu?
- Liam: Bhí an-tuirse orm! Agus tá mé tinn tuirseach leis an gcúrsa sin. An tseachtain seo caite bhí mé i mo chodladh sa léacht – bhí sé chomh leadránach sin. Cén chaoi a raibh sé inniu?
- Aisling: Ní raibh sé chomh dona sin. Bhí sé ceart go leor.

AN CEACHT GRAMADAÍ

§1. The Past Tense of the Substantive Verb

- In the past tense, *tá* becomes *bhí*, *níl* becomes *ní raibh*:

bhí mé	<i>I was</i>	ní raibh mé	<i>I wasn't</i>
bhí tú	<i>you were</i>	ní raibh tú	<i>you weren't</i>
bhí sé	<i>he was</i>	ní raibh sé	<i>he wasn't</i>
bhí sí	<i>she was</i>	ní raibh sí	<i>she wasn't</i>
bhí muid	<i>we were</i>	ní raibh muid	<i>we weren't</i>
bhí sibh	<i>you were</i>	ní raibh sibh	<i>you weren't</i>
bhí siad	<i>they were</i>	ní raibh siad	<i>they weren't</i>

- The dependent form is *raibh*:

Negative:	ní raibh.
Interrogative:	an raibh?
Neg. interrogative:	nach raibh?
Where was?	cá raibh?

§2. An Tuiseal Tabharthach (The Dative or Prepositional Case)

§2.1. An tAinmfhocal (Nouns)

- In Modern Irish, the noun in the dative case generally has the same form as in the nominative. Only a handful of nouns have a separate dative form; these include the word Ireland, and the words for ‘hand’ and ‘foot’:

Éire	Ireland	<i>BUT</i>	in Éirinn	in Ireland
cos	foot		cos ar chois	step by step
lámh	hand/arm		lámh ar láimh	hand in hand

- Distinct dative forms are common in literature, and also survive in certain idioms, such as *sa ló*^U ‘during the day’ (from *lá* ‘day’)²⁸ and petrified expressions.

Except in such expressions as *um Nollag*^U ‘at Christmas time’ (from *am* ‘time’),²⁹ *cois farraige*³⁰ / *cois tine* ‘by the seaside / by the fireside’ (from *cos* ‘foot’), and in *Dé Luain, Dé Máirt* etc ‘on Monday, on Tuesday’, nouns in the dative case are preceded by a preposition, and it is therefore also referred to as the ‘Prepositional Case.’

²⁸ *Sa lá* is used in Connacht rather than *sa ló*.

²⁹ This expression is more commonly used in Ulster. In Connacht, you will hear *faoi Nollaig*.

³⁰ Not to be confused with *Cois Fharraige*, which is the region of Connemara on the coast between Galway and Ros a' Mhíl.

§2.2 An Réamhfhocal (Prepositions)

- Prepositions ending in a consonant generally cause no mutation to the following noun:

ag ‘by, at’	ag bean
as ‘out, from’	as teach

- The preposition *ar*, and most prepositions ending in a vowel, cause *séimhiú*:

do ‘to, for’ (d’ + vowel)	do bhean / d’fhear
de ‘from, off, of’ (d’ + vowel)	de bhord / d’fhéar
ar ‘on’	ar theach
faoi ‘under’	faoi bhord
ó ‘from’	ó theach

- The prepositions *i* ‘in’ and *le* ‘with’ are exceptional. *I* causes *urú* and becomes *in* before vowels. *Le* does not lenite indefinite nouns, but prefixes h to words beginning with a vowel:

<i>i</i> ‘in’	<i>i</i> mBostún; <i>in</i> áit
<i>le</i> ‘with’	<i>le</i> huisce

§2.3. Preposition and the Singular Definite Article

- The initial consonants of nouns after most prepositions plus the article take *urú*:

Tá Gaeilge mhaith ag an gcailín sin.	That girl has good Irish.
Tá tinneas cinn ar an mbuachaill.	The boy has a headache.

- Some prepositions ending in a vowel combine with the article:

ó + an > ón
 faoi + an > faoin
 de + an > den
 do + an > don

Tá sé ag teacht ón gcathair anocht.	He is coming from the city tonight.
Tá an mada faoin mbord.	The dog is under the table.

- The initial consonants of nouns after *don* and *den* take *séimhiú*:

Tá an leabhar ag titim den bhord.	The book is falling off of the table.
Tá bronntanas agam don pháiste.	I have a present for the child.

- The preposition *i* becomes *sa* when joined to the article and takes *urú*.^{C 31} *Sa* becomes *san* before vowels and causes no initial mutation: **i + an > sa/san**

Ta bia sa gcuisneoir.	There’s food in the refrigerator.
Ta an spéirbhean san oifig.	The dream woman is in the office.

³¹ In standard written Irish and all other dialects, *sa* takes *séimhiú*.

- The preposition *le* becomes *leis* before the article and takes urú:

le + an > leis an

Is maith leis an bhfear ceol.

The man likes music.

- Nouns beginning with a ‘d’ ‘t’ or ‘s’ are never lenited or eclipsed after the definite article (‘Dental Rule’, Ceacht 2):

ag an doras

at the door

ón teach

from the house

sa teach

in the house

don seomra

to the room

§2.4. Prepositions and the Plural Definite Article

- If a preposition is followed by the plural definite *na*, there is no mutation of the following noun:

do na buachaillí

for the boys

do + na > do na

ag + na > ag na

de + na > de na

ar + na > ar na

le + na > leis na

i + na > sna

§3. Sa Teach (In the House)

teach (m), sa teach

house

árasán (m), san árasán

flat (UK/IRL) / apartment (US)

seomra (m), sa seomra

room

urlár (m), ar an urlár

floor

leaba (f), sa leaba

bed

an chistin (f), sa gcistin

the kitchen

an seomra suí /suite

the sitting room

an seomra codlata /leapa

the bedroom

an seomra folctha

the bathroom

an leithreas (m), sa leithreas

the toilet

an halla (m), sa halla

the hall

an staighre (m), ar an staighre

the stairs

an gairdín (m), sa ngairdín

the garden

§4. Idioms Using Two Prepositions

- Certain idiomatic constructions use more than one preposition:

Tá grá aici ar an gcailín sin.

She loves that girl.

Níl meas acu ar an múinteoir.

They have no respect for the teacher.

Three Kinds of Knowledge

Irish distinguishes between three kinds of knowledge: knowledge of a fact (*fios*), of a person (*aithne*), and of a place (*eolas*). Note the use of the preposition *ar* with *aithne* and *eolas* but not with *fios*:

Tá a fhios agam sin.	I know that (fact).
Tá aithne agam ar Chaitlín.	I know Caitlín.
Tá eolas agam ar an gcathair.	I know the city.

CEACHTANNA LE DÉANAMH

1. Translate the following sentences; then put them into the past tense:

1. Isn't the weather beautiful? Yes.
2. Are you hungry? No, but I'm thirsty.
3. They have a big house.
4. The little boy is sick, and his mother is worried.
5. We are happy. Are you (pl) happy?
6. That tall man is not listening to us.
7. Is Séamas waiting for you (sg)?
8. That book is very interesting.
9. Are you (sg) asleep? No.
10. I know that woman.

2. Obair Bheirte: Cá raibh tú aréir?

Pair up with another student and ask each other where you were yesterday (last night, last weekend), and what you were doing. Here are some possible responses:

sa mbaile	at home
sa mbialann	in the restaurant
sa teach tábhairne	in the pub
sa leabharlann	in the library
sa gcaife	in the café
sa bpictiúrlann	at the cinema
san amharclann	in the theatre
sa leaba	in bed
ar scoil	at school
ar an trá	on the beach
faoin tuath	in the countryside

3. Cuir Gaeilge air:

- a) 1. at a door
2. on a chair
3. from a teacher
4. to a woman
5. out of a house
6. in a house
7. out of a town
8. in a tree
9. with a man
10. under a table.

- b) 1. at the woman
2. on the tree
3. on the door
4. with the teacher
5. at the girl
6. at the house
7. at the window
8. at the door
9. on the chair
10. on the table.

- c) 1. on the teachers
2. at the girls
3. with the boys
4. to the teachers
5. from the students
6. by the fire
7. by the seaside

4. Cluiche: Cá bhfuil sé?

One person is blindfolded; an object is ‘hidden’ and the person has to ask questions to ascertain where it is. The others may help by saying *Tá sin te / fuar* ‘you’re hot / cold’.

5. Cluiche Cainte: An Dúnmharú (‘The Murder’)

The detective (*an bleachtair*) has to find out who committed the murder by interviewing all participants about their alibi. Students pick slips with their identity and alibi; one (the ‘murderer’) has been given a false alibi:

bleachtair: Cé thusa? (‘Who are you?’)

tusa:

bleachtair: Cá raibh tú nuair a tharla an dúnmharú? (‘Where were you when the murder happened?’)

tusa:

bleachtair: Céard a bhí tú a dhéanamh? (‘What were you doing?’)

6. Cuir Gaeilge air:
 1. She knows him.
 2. He knows her.
 3. I don't know Paris.
 4. Seán is fond of her.
 5. She has no respect for him.

7. Read the poem 'Fear an Phoist' in Teanga is Cultúr and answer the following questions:
 1. Cé atá sa mbaile?
 2. Cá bhfuil Mamaí?
 3. Cá bhfuil an teilifís?
 4. Cá bhfuil fear an phoist?
 5. Cá bhfuil Mamaí agus fear an phoist ag dul anois?
 6. Cá bhfuil a mbróga?
 7. Cá bhfuil Dadaí?
 8. Cá bhfuil Mamaí anois? Agus fear an phoist?

Obair Bhaile

1. Draw a floorplan of your apartment, labelling the rooms. Try to furnish the apartment.

2. Cuir Gaeilge air:
 1. We were shopping in the city last week.
 2. They were in Italy in the summer.
 3. Were you at the party last night? Yes.
 4. Was the teacher angry? No.
 5. Why wasn't she swimming yesterday? Did she have a cold?
 6. Seán was studying in the library yesterday.
 7. What were you doing yesterday?
 8. We are from Germany, we lived in France last year, and we live in Dublin now.
 9. Do you know Seán? Yes.
 10. The student had respect for the lecturer.

TEANGA IS CULTÚR

Amhrán: Nóra Bheag (II)

‘A Nóra bheag, cá raibh tú aréir?’
Is é dúirt mo Mhamá liomsa
‘I gcúl an tí ag tobar an uisce
Ag foghlaim coiscéim damhsa.’

Curfá:
Agus iomba Nóra Nóra Nóra
Agus iomba is tú mo ghrá geal,
Gus iomba Nóra is tú mo stóirín
Tá mise dúnta i ngrá leat.

Is maith le Nóra pis agus pónaire
Is maith le Nóra brandy
Is maith le Nóra fataí rósta
Is itheann Nóra an t-im leo.

‘A Nóra bheag, cá raibh tú aréir?’
‘Bhí mé i gcúl an gharraí.’
‘Cé bhí agat féin ansin?’
‘An píobaire beag is a mhálaí.’

‘Little Nóra where were you last night?’
My mother asked me.
‘At the back of the house, by the well
Learning a new dance step.’

Refrain:
And iomba Nóra Nóra Nóra
And iomba you are my fair love
And iomba Nóra you are my darling
I’m locked in love with you.

Nóra likes peas and beans
Nóra likes brandy
Nóra likes roast potatoes
And she eats butter with them.

‘Little Nóra where were you last night?’
‘I was at the back of the garden’
‘Who was there with you?’
‘The little piper and his pipes.’

Casfhocail ‘Tongue Twisters’

Bhí náire ar Mháire
mar bhí sí ag gáire
ag faire i nDoire.

Bhí banjo ag Joe
agus bhí banjo ag bean Joe.
B’fhearr Joe ar an mbanjo
Ná bean Joe ar an mbanjo go deo.

Máire was ashamed
because she was laughing
at a wake in Derry.

Joe had a banjo
and Joe’s wife had a banjo too.
Joe played far better on the banjo
than Joe’s wife ever did.

Fear an Phoist
Tadhg Mac Dhonnagáin³²

Tá Mamaí sa chistin, tá Mamaí sa chistin
Tá Mamaí ag déanamh an dinnéir
Níl Daidí sa bhaile
Níl Daidí sa bhaile
Tá Mamaí sa chistin léi fein.

Tá Mamaí sa seomra suite,
Tá Mamaí sa seomra suite
Tá Mamaí ag féachaint ar an teilifís
Tá duine éigin ag an doras
Cnag cnag cnag a haon a dó a trí.

Anois tá Mamaí sa halla,
Anois tá Mamaí sa halla,
Osclaíonn sí an doras go mall
Tá fear an phoist ag an doras
Fear an phoist ag an doras
'Fáilte' arsa Mamaí 'tar isteach.'

Tá Mamaí sa seomra leapan
Tá Mamaí sa seomra leapan
Tá fear an phoist ann chomh maith
Bróg bróg eile a haon a dó
Bróg bróg eile a haon a dó
Ag titim ar an urlár.

Tá Daidí ar an staighre
Tá fear an phoist sa chófra
Tá Mamaí istigh faoin leaba
Ag éisteacht
Beidh báisteach ann amárach
Báisteach ann amárach
Arsa an fear ar an teilifís
Sa seomra suite.

fear an phoist 'the postman'; *ag déanamh an dinnéir* 'making dinner' (*dinnéir* = genitive case of *dinnéar*); *léi féin* 'by herself'; *duine éigin* 'someone'; *cnag* 'knock'; *osclaíonn sí* 'she opens'; *go mall* 'slowly'; *fáilte* 'welcome'; *arsa* 'says, said'; *tar isteach* 'come in'; *ag titim* 'falling'; *cófra* 'hot press' (i.e. closet); *beidh* future tense of *tá*; *báisteach* 'rain shower.'

³² From Tadhg Mac Dhonnagáin's CD *Imíonn an tAm* (2004); for lyrics and translation see www.futafata.com. Compare Mac Dhonnagáin's standard usage of *sa* + *séimhiú* with the Connacht dialectal usage taught in this lesson.

7

CEAHT A SEACT

FOCLÓIR

ag cur	putting
ag dul a chodladh	going to bed (sleep)
ag fágáil	leaving something behind
ag imeacht	leaving i.e. going away
ag súil	hoping
ag súil go mór le	looking forward to
ag taisteal	travelling
aintín (f)	aunt
aisteoir (m)	actor
bainisteoir (m)	manager
banaltra (f)	nurse
bláth (m)	flower
carraig (f)	rock
cócaire (m)	cook
crann (m)	tree
cruinniú (m)	meeting
dochtúir (m)	doctor
duine fásta (m), pl daoine fásta	adult, grown-up
féar (m)	grass
freastálaí (m)	attendant, waiter
gaineamh (m)	sand
litir (f)	letter
rúnaí (m)	secretary
scríbhneoir (m)	writer
slí bheatha (f)	profession
sliabh (m)	mountain, hill
spéir (f)	sky
tiománaí (m)	driver
trá (f)	beach
buartha	worried
céanna	same
geal	bright
gnóthach	busy
grianmhar	sunny
saor	free

amárach	tomorrow
an bhliain seo chugainn	next year
an mhí seo chugainn	next month
an tseachtain seo chugainn	next week
anocht	tonight
ar ball	soon
ar dtús	first
arís	again
gan mhoill	soon
go dtí	to (place)
go luath	early
in aice le	near
ina dhiadh sin	after that
níos déanaí / níos moille	later
oíche Shathairn	Saturday night
tigh (<i>old dative of teach</i>)	in the house of; cf. French <i>chez</i>

Oíche Shamhna

Oíche Shamhna (f)	Halloween
bairín breac (m)	barmbrack (fruit loaf)
bandraoi (f)	witch
bréagéadaí	fancy dress, costume
cnó (m), pl cnónna	nut, nuts
cluiche (m)	game
cluiche na bhfochupán	saucer game
culaith (f)	dress, outfit
púicín (m)	blindfold
na síoga; na daoine maithe/beaga/uaisle	the fairies
taibhse (m), pl taibhsí	ghost
úll (m), pl úlla	apple

COMHRÁ

Liam and Aisling discuss plans for Halloween and for next summer; Liam is studying a job offer in Holland.

Liam: An mbeidh sibh ag dul amach oíche Shathairn?

Aisling: Beidh cinnte. Beidh cóisir Oíche Shamhna tigh Henri. Tá mé ag súil go mór leis. Beidh chuile duine gléasta suas.

Liam: An mbeidh tú ag cur bréagéadaí ort féin?

Aisling: Beidh. Beidh mé i mo bhandraoi. Tá culaith dheas agam. An mbeidh sibhse ag dul áit ar bith?

- Liam: Beidh muid ag dul go dtí an teach tábhairne ar dtús. Níl mé cinnte cá mbeidh muid ag dul ina dhiaidh sin. Beidh mé ag dul a chodladh go luath; beidh mé ag obair sa mbialann arís Dé Domhnaigh.
- Aisling: Cén litir é seo, a Liam?
- Liam: Seo litir as an Ísiltír. Beidh mé ag obair in Amsterdam i mbliana.
- Aisling: Céard a bheidh tú a dhéanamh?³³
- Liam: Beidh mé i mo mhúinteoir ar chúrsa do dhaoine atá ag foghlaim Béarla.
- Aisling: An mbeidh tú ag taisteal?
- Liam: Beidh. Beidh mé féin agus cúpla cara ag taisteal san Eoraip ina dhiaidh sin.
- Aisling: Cá mbeidh sibh ag dul?
- Liam: Beidh muid ag fanacht sa bhFrainc cúpla seachtain, agus beidh seachtain san Iodáil againn, seachtain eile sa Spáinn, agus cúpla lá san Eilvéis ina dhiaidh sin. – Céard a bheidh tusa a dhéanamh sa samhradh? An mbeidh tú ag fanacht anseo?
- Aisling: Ní bheidh. Beidh mé ag dul go Conamara. Beidh mé ag fanacht ag teach m’aintín. Tá sí ina cónaí cois farraige. Beidh mé i mo luí ar an trá, ag léamh agus ag éisteacht leis an bhfarraige!

AN CEACHT GRAMADAÍ

§1. The Future Tense of the Substantive Verb

- *Tá* becomes *beidh* in the future tense:

Beidh mé ann amárach. I’ll be there tomorrow.

The Substantive Verb: Future Tense

beidh mé	<i>I will be</i>	beidh muid	<i>we will be</i>
beidh tú	<i>you will be</i>	beidh sibh	<i>you will be</i>
beidh sé	<i>he will be</i>	beidh siad	<i>they will be</i>
beidh sí	<i>she will be</i>		

Negative: ní bheidh
Neg. interrogative: nach mbeidh?

Interrogative: an mbeidh?
Where: cá mbeidh?

³³ Recall from Ceacht a Cúig that the question “*Céard atá / a bhí / a bheidh tú a dhéanamh*” is different from other progressive phrases we have learned.

Ní bheidh mé anseo Dé Luain.
 Bhí an Mháirt fliuch.
 Bhí sé an-fhliuch Dé Máirt.

I won't be here on Monday.
 Tuesday was wet.
 It was very wet on Tuesday.

An tSeachtain

an Luan	<i>Monday</i>	Dé Luain	Oíche Luain
an Mháirt	<i>Tuesday</i>	Dé Máirt	Oíche Mháirt
an Chéadaoin	<i>Wednesday</i>	Dé Céadaoin	Oíche Chéadaoin
an Déardaoin	<i>Thursday</i>	Déardaoin	Oíche Dhéardaoin
an Aoine	<i>Friday</i>	Dé hAoine	Oíche Aoine
an Satharn	<i>Saturday</i>	Dé Sathairn	Oíche Shathairn
an Domhnach	<i>Sunday</i>	Dé Domhnaigh	Oíche Dhomhnaigh

Cén lá atá ann inniu?
 Cén uair a bheidh tú ann?
 Cén lá a bheidh tú ann?
 ag an deireadh seachtaine
 maidin inniu
 maidin amárach
 maidin inné
 maidin Dé Máirt
 tráthnóna Dé hAoine

What day is today?
 When will you be there?
 What day will you be there?
 on the weekend
 this morning
 tomorrow morning
 yesterday morning
 Tuesday morning
 Friday afternoon

CEAHTANNA LE DÉANAMH

1. Put the translation sentences from Ceacht 6, Ceachtanna #1, into the future tense:

1. *Nach mbeidh an aimsir go hálainn? Beidh.*

2. Obair Bheirte

Céard a bheidh tú a dhéanamh nuair a bheidh tú críochnaithe leis an ollscoil? Interview your partner, then report to the class.

Here are some possible responses:

Beidh mé i mo mhúinteoir.
 Beidh mé i mo mhac léinn iarchéimeach
 Beidh mé i mo léachtóir
 Beidh mé i mo cheoltóir
 Beidh mé i mo dhochtúir etc.

3. Chain Drill

Beidh Síle ina dochtúir - Seán - mise - banaltra - ní bheidh - Siobhán - an mbeidh - mac léinn - muid - múinteoirí - dlíodóirí - aisteoirí.

4. Cuir Gaeilge air:

a) Use stative expressions.

1. She is a doctor.
2. He is not a musician.
3. Are you a teacher? Yes.
4. I am an actor.
5. His mother is a lecturer.

b) Use the paraphrastic construction with *ionam* etc popular in Donegal.

5. Obair Bheirte: Cá mbeidh tú Dé Luain?

Céard a bheidh tú a dhéanamh an tseachtain seo chugainn? Ask your partner about his/her week and say what you'll be doing each day: Dé Luain, beidh mé....

6. Count Dracula & Co

Make up a blurb about one of the following individuals, stating where they're from, where they live now, what languages they speak. Say something about their likes and dislikes, too:

Count Dracula (Rúmáineach / as an Rúmáin / Rúmáinis): *Seo é Count Dracula. Is as an Rúmáin é. Tá sé ina chónaí i seanchaisleán sa Rúmáin, in aice le Bucarest. Tá Rúmáinis líofa aige. Is duine deas cairdiúil é, ach ní maith leis uisce ná bainne. Is fearr leis fuil.*

Niall Ó Dónaill (Meiriceánach / i Meiriceá / Béarla)

Leah Müller (Gearmánach / as an nGearmáin / Gearmáinis agus Béarla)

Pierre Victoire (Francach / as an bhFrainc / Francis)

Giuseppe Verdi (Iodálach / as an Iodáil / Iodáilis)

Máirín Ní Ghallchóir (as an nGaeltacht / Éireannach / as Éirinn / Gaeilge agus Béarla)

Obair Bhaile

1. Cuir Gaeilge air:

1. Will you be there tomorrow? Yes.
2. I'm sorry, but I won't be free on Tuesday. I will have time next week.
3. We were working last night, and we'll be working again tonight.
4. Don't you have a hat on? You'll have a cold tomorrow.
5. They aren't hungry now, but they'll be very hungry later.
6. They'll know next week.
7. Will Séamas be there on Monday? No; he'll be studying.
8. They won't be working; they'll be eating and drinking.
9. Won't he be disappointed?
10. Will she be worried?

2. Cuir Gaeilge air:

1. Sunday will be wet, but I don't care. I will be in Mexico!
2. Will you (sg) be here on Sunday?
3. The shop will be too crowded on Saturday.
4. Today is Saturday, and I'm not working. I love Saturday.
5. We will have a meeting on Wednesday. Will they be there? No.
6. I'll be studying on Friday.
7. She's leaving on Monday.
8. There will be a class on Thursday.
9. They won't be here on Tuesday.
10. Friday will be bright and sunny.

TEANGA IS CULTÚR

An tSeachtain (The Week)

The seven-day week was introduced to Ireland by the Christian missionaries. The words for the days of the week reflect this origin; some are borrowed from the Imperial Roman calendar (with correspondences in all Romance languages), some reflect Christian practice.

The calendar of Republican Rome did not recognize a seven-day week. However, like elsewhere in the ancient world, the phases of the moon were observed in Roman tradition, and each day was believed to be under the control of one of the planets. When Emperor Constantine in the year 321 introduced the Judeo-Christian week as a calendar unit as part of his effort to make Christianity the state religion, the Latin names of the week days reflected this astrological identification:

Latin		French	Irish	
dies solis or	<i>sun</i>			
dies dominicus	<i>the Lord</i>	dimanche	an Domhnach	<i>Sunday</i>
dies lunae	<i>moon</i>	lundi	an Luan	<i>Monday</i>
dies Martis	<i>Mars</i>	mardi	an Mháirt	<i>Tuesday</i>
dies Mercurii	<i>Mercury</i>	mercredi	an Chéadaoin	<i>Wednesday</i>
dies Jovis	<i>Jupiter</i>	jeudi	an Déardaoin	<i>Thursday</i>
dies Veneris	<i>Venus</i>	vendredi	an Aoine	<i>Friday</i>
dies Saturni	<i>Saturday</i>	samedi	an Satharn	<i>Saturday</i>

Christians preferred using the term 'the Lord's day' (*dies dominicus*) for Sunday, and Irish *Domhnach* is derived from *dominicus* just as French *dimanche*, Spanish *domingo* and Italian *domenica*.

Wednesday through Friday, finally, reflect Christian practice of having a pattern of weekly fasting in commemoration of the events of Holy Week. Friday, the day of Christ's death, is the main fast, Wednesday is a semi-fast:

an Chéadaoin	'the first fast'
an Déardaoin	'day between the fasts' (< dia idir aoine)
an Aoine	'the fast'.

Rann

Dónall ar meisce
a bhean ag ól uisce
is na páistí ag caoineadh
ó Luan go Luan.

Dónall on the drink
his wife drinks water
and the children crying
day in day out.

Rann: An tSeachtain

Inniu an Domhnach
Beidh muid ag foghlaim.

Today is Sunday
We'll be learning.

Inniu an Luan
Beidh muid ciúin.

Today is Monday
We'll be quiet.

Inniu an Mháirt
beidh muid i bpáirt.

Today is Tuesday
We'll be friends.

Inniu an Chéadaoin
Beidh muid ag ól dí.

Today is Wednesday
We'll be having a drink.

Inniu an Déardaoin
Beidh muid dímhaoín.

Today is Thursday
We'll be poor.

Inniu an Aoine
Beidh muid ag caoineadh.

Today is Friday
We'll be weeping.

Inniu an Satharn
beidh muid ag achrann:
Céard a bheidh eadrainn?
Cat agus mada.
(CC #232)

Today is Saturday
We'll be fighting:
What will come between us?
A cat and a dog.

Samhain (Halloween) and the Celtic Year

Samhain, on the first of November, is one of four native Gaelic festivals. Spaced at three-month intervals, the four festivals divide the year into even quarters corresponding to the Irish seasons. Gaelic society being fundamentally pastoralist, the year was divided into a summer half, when out-door grazing was possible, and a winter half, when cattle needed supplementary feeding. *Bealtaine*, on the first of May, marks the beginning of summer, *Samhain* marks its end (it appears to be derived from the word for summer, *sam* in Old Irish, cf. Modern Irish *samhradh*). This primary division of the year is intersected by two agricultural festivals: St Brigid's Day (Feb. 1) marks the beginning of the agricultural year, and *Lúnasa* (Aug. 1), a harvest festival, marks its ending. It is worth noting that of the four festivals, only St Brigid's Day has been given an overt Christian name and significance; in medieval literature it is also referred to as *Imbolc*. All four festivals are marked by a wealth of traditional ritual practice. Kevin Danaher has pointed out that all four share certain features not present in other festivals, such as more or less unruly processions in disguise by the younger folk, and a wealth of propitiatory ritual intended to protect the community from the encroachment of the otherworld (Danaher 1977).

Another division of the year into quarters under the auspices of Christianity is marked by four festivals important in the Christian calendar, St John's Eve (June 23), Michaelmas (Sept. 29), Christmas (Dec. 25), and St Patrick's Day (March 17). Two rhymes from the repertoire of the co. Kerry storyteller Seán Ó Conaill from County Kerry speaks of the native divisions as 'true' (*fírinneach*), the Christian divisions as 'crooked' (*cam*), presumably referring to the fact that the native festivals were spaced at exact intervals, while the Christian ones are approximate:

Ráithí Fírinneacha na Bliana (The True Quarters of the Year)

Ráithe ó Lúnasa go Samhain	A quarter from Lúnasa to Samhain
Ráithe ó Shamhain go Lá 'le [=Fhéile] Bríde	A quarter from Samhain to St Brigid's Day
Ráithe ó Lá 'le Bríde go Bealtaine	A quarter from St Brigid's Day to Bealtaine
Ráithe ó Bhealtaine go Lúnasa.	A quarter from Bealtaine to Lúnasa.

Ráithí Cama na Bliana (The Crooked Quarters of the Year)

Ráithe ó Lá 'le Shan Seáin go Lá 'le Míchíl	A quarter from St John's to Michaelmas
Ráithe ó Lá 'le Míchíl go Nollaig	A quarter from Michaelmas to Christmas
Ráithe ó Nollaig go Lá 'le Pádraig	A quarter from Christmas to St Patrick's
Ráithe ó Lá 'le Pádraig go Lá 'le Shan Seáin	A quarter from St Patrick's to St John's.

[SOCB, 353]

Oíche Shamhna

All fruit and produce had to be stored by Samhain; fruit left after that, even if it was still edible, was considered to be ‘touched’ and unfit for human consumption. As we might expect with an end-of-summer festival, the special fruits associated with the festival are apples and nuts; other fruit have made an appearance in recent times, but all the traditional games involve the native fruits (Danaher 1977, 123): Children, hands tied on their backs, dunk for apples swimming in a basin of water, or try to grab the apples from the two ends of a spinning cross-piece of wood, which had burning candles attached to the other bar.

Like all Irish calendar festivals, the festival begins on the eve, *Oíche Shamhna* ‘the night of Samhain’. On Oíche Shamhna the walls between this world and the other world are permeable. The inhabitants of the otherworld, referred to euphemistically as ‘the good people’, ‘the little people’, or even ‘the gentry’ (*na daoine maithe; na daoine beaga; na daoine uaisle*) were thought to roam about. The dead were thought to visit the homes they used to inhabit, and chairs were set for them by the fire (Ó Grianna 1976, 33). Since *Samhain* is the quintessential liminal festival, marking the beginning of the new, darker half of the year, and allowing access to things normally hidden, many practices of divining the future are associated with it. Young unmarried women and to some extent men would attempt to ascertain the name of their future partner. A head of cabbage was hung up over the door: the first person to enter was the one you were destined to marry (Ó Grianna, 33). If you had a sweetheart already, you would place two nuts near the fire and name them after your lover and yourself: if they jumped in the same direction, all was well, if they did not, the match was not to be. Other divination games included *cluiche na bhfochupán* (‘the game of saucers’): a blindfolded person, usually a girl, had to choose one of a number of saucers: if she chose the one containing water, it meant emigration; the ring meant marriage in the coming year; the coin meant wealth, and the earth meant early death. A ring and similar tokens of the future were also baked into the *bairín breac*, anglicised as ‘Barmbrack’, a sweet loaf eaten during the festival.

Given the ubiquitous presence of the unseen on Halloween, the practice of going from house to house would appear audacious, and most family traditions took place indoors. However, to unruly members of the community, especially adolescent boys and young men, this might have been a welcome opportunity to make mischief, and there is some evidence that in some areas young men did go around in disguise, playing pranks and extorting sweets or money, reciting rhymes such as this one:

Rann: Anocht Oíche Shamhna

Ahem! Ahem!
Anocht Oíche Shamhna!
Cuir muc inár measc!
Foiligh do phónaire, a bhean an tí
Is ná foiligh mo chuidse aráin ná dí
Finíní, fáiníní! Íochtarán, uachtarán!
Itheadh na caoirigh na copóga
Agus ithimis an gráinseachán.
Hurrah! Seo, a mháistreás,
Cuardaigh do phóca
Agus tabhair rud éigin do na buachaillí
Agus scaoil chun siúil iad
Nó buail mé féin idir an dá shúil
Le píosa leathchorónach.
(CC #257)

Ahem! Ahem!
Tonight is Halloween!
Put a pig before us!
Hide your beans, Woman of the House,
But not my share of bread or drink;
Fíníní [Fenians], fáiníní! Servant, master!
Let the sheep eat dock leaves
And let us eat frumenty.
Hurrah! Now, Mistress,
Search your pockets
Give something to the lads
And let them go
Or hit me between my eyes
With a half crown coin!

SÚIL SIAR (REVISION): CEAHT 4 - CEAHT 7

Can you say the following things? If you can't, or you're not quite sure, go back to the lesson and paragraph indicated after each item:

- say 'I am (not) / I was (not) / I will (not) be' (§4.1; §6.1; §7.1)
- say 'on me, on you, on him, on her, on us, on you, on them' (§4.2)
- say that you are very angry (§4.2)
- say that the house is very big (two options in Donegal); really big; too big (§4.3)
- say that Áine is beautiful (§4.4)
- say 'How are you; what is your name; what does he look like?' (§4.5)
- say 'I am (not) working' (§5.1)
- say 'at me, at you, at him, at her, at us, at you, at them' (§5.1)
- say 'I have no money; I speak Irish; I can swim' (§5.1)
- say 'I am asleep; he is standing; she is asleep; they are sitting down' (§5.2)
- say that the weather is beautiful / bad; say that it's a nice day (§5.3)
- say that you have broken the window and have not yet written the letter (§5.4)
- say that the book is on a chair / on the chair/ on a table / under the table / in the library / in the house (§6.2)
- say where you were last night (§6.3)
- say what kind of rooms there are in your house (§6.4)
- say that you will be a teacher / postgraduate student / actor (§7.2&3)
- say 'in me, in you, in him, in her, in us, in you, in them' (§7.3)
- say where you went on holidays last summer (§7.4)
- say 'today is Monday /Tuesday / Wednesday' etc; say that you will be in school on Monday, Tuesday etc (§7.5)

Revision Exercises

1. Cuir Gaeilge air:

1. The man does not have a house.
2. The woman is wearing a hat.
3. The girl has a headache.
4. The student had a car.
5. The book is on the table.
6. Do they speak Spanish? No, but they speak Italian and Greek.
7. We don't have money, but we don't care.
8. She has long blonde hair and brown eyes.
9. Síle was dancing, and Nuala was reading.
10. I am not tired, I am hungry!

2. Transpose the following sentences into the past and future tense. The first sentence is done for you:

An bhfuil tú ceart go leor? Tá. ‘Are you all right? Yes.’ / *An raibh tú ceart go leor? Bhí.* / *An mbeidh tú ceart go leor? Beidh.*

1. *An bhfuil tú ceart go leor? Tá.*
2. *Níl fearg ar a mháthair.*
3. *Tá an páiste ina chodladh.*
4. *An mbeidh tú sa mbaile? Beidh.*
5. *Ní bheidh mé tuirseach.*
6. *Beidh muid ag léamh.*
7. *Bhí sé ag cócaireacht.*
8. *Ní raibh bia ar bith sa gcuisneoir.*
9. *An raibh an múinteoir sásta leis an obair? Bhí.*
10. *Tá áthas ar an gcailín.*

8

CEAHT A HOHT

FOCLÓIR

abair ³⁵	say
bain	take; extract
bain de	take off (clothes)
bí	be
bris	break
breathnaigh (ar)	look (at); watch
ceannaigh	buy
cuir	put
cuir ar	put on (clothes)
déan	do
déan deifir	hurry up
dún	close
éist	listen
faigh	get
fan	wait
foghlaim	learn
glac	take, accept
glan	clean
goile ^C	come here
ith	eat
labhair	speak
léigh	read
lig do scíth	relax
ól	drink
oscail	open
rith	run
scríobh	write
siúl	walk
stad	stop
suigh	sit
tabhair	give
tar	come
téigh	go

³⁵ All verbs are listed in the 2 sg imperative, the so-called ‘dictionary form.’

CEACHT A HOCHT / LESSON EIGHT

cuisneoir (m)	fridge
obair (f), gen. na hoibre	work
rud (m)	thing
stiúrthóir (m)	director, boss
uair (f)	hour, time
amach	out
cantalach	grumpy
cúpla	a couple, a few
cúpla uair	a few times
isteach	in
reasúnta	reasonable
uasal	noble
de (díom, díot, de, di, dínn, díbh, díobh)	from (from me, from you ...)
do (dom, duit, dó, di, dúinn, daoibh, dóibh)	to, for
fáilte romhat/romhaibh!	welcome; you (sg/pl) are welcome
go raibh maith agat/agaibh	thank you (sg/pl)
i gceann tamaill	in a little while
a lán oibre	a lot of work
le do thoil / le bhur dtoil	please (sg/pl)
más é do thoil é / más é bhur dtoil é ^C	please (sg/pl)
mar a deir siad	as they say
ná	do not
ná bí buartha	don't worry
ná habair é	don't mention it; you're welcome
síos	down
suas	up

COMHRÁ

Síle comes home exhausted from her first day of work temping as a secretary; Pádraigín pampers her.

Síle: Dia duit, a Phádraigín.

Pádraigín: Dia is Muire duit! Goile, a Shíle. Tá mise sa gcistin. —An bhfuil sé ag cur? Bain díot do chóta—tá sé fliuch báite. Cén chaoi a bhfuil tú, a chroí? Tá tú ag breathnú tuirseach.

Síle: Tá mé beagán tuirseach ceart go leor.

Pádraigín: Suigh síos anseo agus lig do scíth. Seo duit cupán tae.

Síle: Go raibh míle maith agat.

Pádraigín: Ná habair é. An bhfuil ocras ort? Ta bia sa gcuisneoir. Glac rud éigin le n-ithe!³⁶

Síle: Tá mé ceart go leor, go raibh maith agat. Beidh mé ag ithe i gceann tamaill.

Pádraigín: Bhuel, a chailín, cén chaoi a bhfuil do phost nua ag dul?

Síle: Tá sé ceart go leor. Tá a lán oibre le déanamh agam. Tá mo stiúrthóir beagán cantalach. “Déan é seo! Déan é siúd! Oscail an fhuinneog! Faigh cupán caife dom! Breathnaigh ar an urlár: tá sé an-salach. Glan anois é! Agus ná bí ag caint ar an teileafón!” Ach ní bheidh mé ann ach cúpla uair sa tseachtain, agus tá sé maith go leor.

Pádraigín: An bhfuil an t-airgead go maith?

Síle: Tá. Tá sé an-réasúnta.

Pádraigín: Ah bhuel. ‘Is é an bia capall na hoibre,’ mar a deir siad.

AN CEACHT GRAMADAÍ

§1. An Modh Ordaitheach (The Imperative)

- The imperative is used with close friends and family members, and when giving directions (more polite commands or requests are expressed by the conditional).
- The second person singular imperative has the same form as the verbal stem. This is the so-called ‘dictionary form’, i.e. the form under which any given verb will be listed in a dictionary, because it is identical with the stem of the verb:

Glan an t-urlár!	Clean the floor!
------------------	------------------

- For the second person plural, the ending *-(a)igí* is normally (see below for minor modifications) added to the stem:

Cuirigí na leabhair ar an mbord!	Put the books on the table!
Déanaigí an obair bhaile!	Do the homework!

- The negative particle is *ná*, which causes no mutation, but prefixes ‘h’ to a vowel:

Ná brisigí an fhuinneog!	Don’t break the window (pl)!
Ná habair é!	Don’t mention it (sg)!

³⁶ The preposition *le*, followed by a verbal noun, is used to express purpose or necessity. In Connacht this usage of *le* prefixes ‘n-’ to vowels.

§1.1 First Conjugation Verbs

- There are two two conjugations of verbs in Irish; the first conjugation is comprised mostly of monosyllabic stems (i.e. the so-called dictionary form has one syllable only), but also has some verbs with a polysyllabic stem (more than one syllable). The second conjugation contains only polysyllabic verbs. The difference between the two conjugations is not very marked in the case of the imperative, but for future reference it is as well to discuss and learn the verbs according to the conjugation they belong to.

§1.1A. Monosyllabic Verb Stems

- To form the second person plural imperative, first-conjugation verbs add **-igí** to stems which end in a slender vowel (e.g. *cuir*), and **-aigí** to stems which end in a broad vowel (e.g. *fan*). **The verbs in the lists below should be treated as vocabulary items and mastered.**

- Verbs ending in a slender consonant:

bain	bainigí	ag baint	<i>take; extract</i>
bris	brisigí	ag briseadh	<i>break</i>
cuir	cuirigí	ag cur	<i>put</i>
éist	éistigí	ag éisteacht	<i>listen</i>
múin	múinigí	ag múineadh	<i>teach</i>
rith	rithigí	ag rith	<i>run</i>
siúil	siúiligí	ag siúl	<i>walk</i>
tit	titigí	ag titim	<i>fall</i>
tuig	tuigigí	ag tuiscint	<i>understand</i>
goile ^C	goiligí	[-]	<i>come here</i> ³⁷

- Verbs ending in a broad consonant:

dún	dúnaigí	ag dúnadh	<i>close</i>
fan (le)	fanaigí	ag fanacht	<i>wait (for); stay</i>
féach (ar)	féachaigí	ag féachaint	<i>look (at)</i>
gabh	gabhaigí	ag gabháil	<i>go</i>
gearr	gearraigí	ag gearradh	<i>cut</i>
glan	glanaigí	ag glanadh	<i>clean</i>
iarr (ar)	iarraigí (ar)	ag iarraidh	<i>ask (for); want</i>
ól	ólaigí	ag ól	<i>drink</i>
póg	pógaigí	ag pógadh	<i>kiss</i>
pós	pósaigí	ag pósadh	<i>marry</i>
seas	seasaigí	ag seasamh	<i>stand</i>
scríobh	scríobhaigí	ag scríobh	<i>write</i>
scuab	scuabaigí	ag scuabadh	<i>sweep</i>
stad	stadaigí	ag stad	<i>stop</i>
tóg	tógaigí	ag tógáil	<i>lift, take</i>

³⁷ This is not really a verb at all, but a contraction of *gabh i leith*. The plural form *goiligí* is thus historically spurious, but demonstrates the creative process at work in a living language.

▪ Monosyllabic Stems in *-igh*

Monosyllabic verb stems ending in *-igh* used to add *-igí* just like the verbs above, but the spelling reform of the mid-twentieth century simplified the spelling *-ighigí* [pronounced i:gi] to *-ígí*:

luigh	luígí	ag luí	<i>lie (down)</i>
nigh	nígí	ag ní	<i>wash</i>
suigh	suígí	ag suí	<i>sit</i>

As usual with spelling reforms there were some hitches. In some cases the **-ighi-** became reduced to simple **i** rather than **í**, in order to prevent a proliferation of length marks:

léigh	léigí	ag léamh	<i>read</i>
-------	-------	----------	-------------

§1.1B. Polysyllabic Verb Stems

- Most slender polysyllabic first-conjugation verbs are depalatalized (made broad) to add the plural ending:

sábháil	sábhálaigí	ag sábháil	<i>save</i>
taispeáin (do)	taispeánaigí	ag taispeáint	<i>show (to)</i>
vótáil	vótálaigí	ag vótáil	<i>vote</i>

- Some slender stems, however, are not depalatalized:

tiomáin	tiomáinigí	ag tiomáint	<i>drive</i>
---------	------------	-------------	--------------

- There are also a few verbal stems which are broad; this example is an Ulster verb form:

teagasc ^U	teagascaigí	ag teagasc	<i>teach</i>
----------------------	-------------	------------	--------------

§1.2. Second Conjugation Verbs

§1.2A. Polysyllabic Stems in *-igh*

- By far the largest group of verbs in the second conjugation end in *-(a)igh*. Before the spelling reform, these used to add *-igí* to the stem to form the imperative plural, but, as with the first-declension verbs in *-igh*, the spelling *-ighigí* was reduced to *-ígí*:

deisigh *formerly deisighigí* > *now deisígí*

- Verbs ending in *igh*:

bailigh	bailígí	ag bailiú	<i>gather; collect</i>
deisigh	deisígí	ag deisiú	<i>mend</i>
dúisigh	dúisígí	ag dúiseacht	<i>wake up</i>
éirigh	éirígí	ag éirí	<i>get up</i>
imigh	imígí	ag imeacht	<i>leave</i>

- Verbs ending in *igh*:

ceannaigh	ceannaígí	ag ceannach	<i>buy</i>
críochnaigh	críochnaígí	ag críochnú	<i>finish</i>

§1.2B. Syncopated Stems

- Disyllabic verbs ending in a consonant (rather than *-igh*) add the plural imperative ending to the stem, resulting in a multisyllabic verb form. There is a tendency in Irish to ‘syncopate’ such forms by dropping an internal vowel or vowels:

imir	imrígí	ag imirt	<i>play</i>
inis (do)	insígí	ag insint	<i>tell</i>
labhair (le)	labhraígí	ag labhairt	<i>speak (with/to)</i>
oscail	osclaígí	ag oscailt	<i>open</i>

§1.2C. Stems That Resist Syncopation

- Not all second-declension verbs are amenable to syncopation; syncope is not an option when the vowel in question is long, or in cases where the loss of a vowel would lead to unpronounceable consonant clustering. In such cases the plural imperative ending is simply added to the stem:

foghlaim	foghlaimígí	ag foghlaim	<i>learn</i>
tarraing	tarraingígí	ag tarraingt	<i>pull</i>

§1.3. Irregular Verbs

- There is a small group of verbs that do not conform to either of the two conjugations in all of their forms. These eleven verbs are called ‘irregular.’ The formation of the imperative is not irregular in all irregular verbs, but with a few of the irregular verbs, different parts of the verb, such as the singular and the plural imperative (as well as, in some cases, the verbal noun) are derived from different (‘suppletive’) roots.

bí	bígí	[bheith] ³⁸	<i>be</i>
feic	feicígí	ag feiceáil	<i>see</i>
clois	cloisígí	ag cloisteáil	<i>hear</i>
déan	déanaígí	ag déanamh	<i>do</i>
téigh	téigí	ag dul	<i>go</i>
faigh	faighígí	ag fáil	<i>get</i>
abair	abraígí	ag rá	<i>say</i>
tabhair	tugaígí	ag tabhairt	<i>give</i>
tar	tagaígí	ag teacht	<i>come</i>
beir (ar)	beirígí (ar)	ag breith (ar)	<i>catch</i>
ith	ithígí	ag ithe	<i>eat</i>

³⁸ NB The verbal noun of the substantive verb, *bheith*, is not, for obvious reasons, used in a compound tense with *tá*, and is never preceded by *ag*.

§2. An Tuiseal Gairmeach (The Vocative Case)

- The vocative case is used when addressing a person, and is preceded by the vocative particle *a*, which causes *séimhiú*:

Síle	<i>Sheila</i>	a Shíle
cara	<i>friend</i>	a chara
Donncha	<i>Donncha</i>	a Dhonncha

- Men's names and other masculine nouns ending in a broad consonant (i.e. belonging to the first declension) have this consonant palatalized in the vocative:

Seán	<i>John</i>	a Sheáin
Séamas	<i>James</i>	a Shéamais
amadán	<i>fool</i>	a amadáin
mac	<i>son</i>	a mhic

- Note that *ea* palatalizes as *i*, while *éa* palatalizes as *éi*:

fear	<i>man</i>	a fhir
éan	<i>bird</i>	a éin

- NB - A couple of men's names ending in a broad consonant are NOT inflected:

Liam	<i>William</i>	a Liam
Proinsias	<i>Francis</i>	a Phroinsias

§2.1. Terms of Endearment

- Terms of endearment are used in a wide range of contexts in Irish. Aside from their use in romantic situations, they are commonly used by adults talking to children; women of any age group use them frequently when addressing each other. Men tend to use them rather less among themselves; *a mhac*^C ('sonny, dude') is used affectionately between men. Terms of endearment are not usually palatalized, even if, like *stór*, *rún* or *leanbh*, they belong to the first declension:

a stór	treasure
a rún	darling (literally 'desire') ³⁹
a leanbh	child
a chroí	heart
a ghrá	love
a chuid	treasure (literally 'share')
a thaisce	treasure
a chuisle	darling (literally 'vein', 'pulse')
a mhuirín	darling

- Note that terms of endearment are not palatalized in the vocative, even if they end in a broad consonant (*stór*; *rún*; *leanbh*).

³⁹ The primary meaning of the noun *rún* is 'secret'; you may encounter this meaning elsewhere.

- In romantic contexts the endearments may become more elaborate:

a ghrá ghil mo chroí	bright love of my heart
a mhíle grá	my thousand love
a stór mo chroí	treasure of my heart

- Imperatives are frequently accompanied by terms of endearment in the vocative case:

Oscail an doras, a stór!	Open the door, darling!
Ith do dhinnéar, a thaisce!	Eat your dinner, pet!

§2.2. An Aidiacht (Adjectives)

- An adjective following a noun or personal name in the vocative singular is also lenited; an adjective following a masculine first-declension noun or personal name is both lenited and palatalized:

cara dil	a chara dhil
Síle Bheag	a Shíle Bheag
Seán Mór	a Shéain Mhóir

§2.3. Writing a Letter

- How to Open a Letter:

A dhuine uasail / pl. A dhaoine uaisle	Dear Sir(s)
A bhean uasal / pl. A mhná uaisle	Dear Madam(s)
A chara / pl. A chairde	Friend(s) (Dear Sir / To Whom it May Concern)
A chara liom	Dear friend
A sheanchara dhil	Dear old friend
A Dhaid, a Dhaidí	Dad, Daddy
A Mham, a Mhamaí	Mom, Mommy
A Sheáin dhil	Dear Seán
A Sheáin, a chara	Dear Seán
A Mháire dhil	Dear Máire
A Róisín, a stór	Darling Róisín

- How to Close a Letter:

Tabhair aire duit féin	Take care
Slán agus beannacht	Best wishes ('good-bye and a blessing')
Beir bua (agus beannacht)	Be well / best wishes ('gain victory')
Is mise le meas	I remain respectfully
Le grá ó Bhríd	With love from Bríd
Grá mór	Much love
Póg is barróg	A kiss and a hug

§3. Na Réamhfhocail ‘do’ agus ‘de’ agus a bhForainmneacha Réamhfhoclacha
(The Prepositions *do* and *de*)

DO ‘to, for’		DE ‘from, of’	
dom	<i>to me</i>	díom	<i>from me</i>
duit	<i>to you</i>	díot	<i>from you</i>
dó	<i>to him</i>	de	<i>from him</i>
di	<i>to her</i>	di	<i>from her</i>
dúinn	<i>to us</i>	dínn	<i>from us</i>
daoibh	<i>to you</i>	díbh	<i>from you</i>
dóibh	<i>to them</i>	díobh	<i>from them</i>

Tabhair bláth dom.
Taispeánaigí é dúinn.
Inis an scéal di.

Give me a flower.
Show (pl.) it to us.
Tell her the story.

§3.1. Dressing and undressing: ‘Cuir ar’ (put on) and ‘Bain de’ (take off)

- In these expressions the preposition must take an object.

Bain an hata díot.
Cuir cóta ort.
Bain a chóta de.

Take off the hat. (Literally: Take the hat off *you*.)
Put on a coat. (Literally: Put a coat on *you*.)
Take his coat off (him).


§4. In and Out, Up and Down: Aspect and Direction

§4.1. In and Out

- Irish distinguishes between *going* in/out (direction) and *being* in/out (position):

Gabh isteach agus fan istigh!
Gabh amach agus fan amuigh!

Go in and stay inside!
Go out and stay outside!



§4.1.1. Going home and being home

- Note also the distinction between ‘going home’ and ‘being home:’
abhaile ‘homewards’ sa mbaile ‘at home’

§4.2. Up and Down

suas	↗	thuas	↘	anuas	síos	↘	thíos	↗	aníos
------	---	-------	---	-------	------	---	-------	---	-------

éirigh suas!	get up
dúisigh suas!	wake up
an braon anuas	the rain ('the drop from above')
seas suas!	stand up
suigh síos!	sit down
suas an staighre	up the stairs
síos an bóthar	down the road
suas an tsráid	up the street

CEACHTANNA LE DEANAMH

1. Cuir Gaeilge air seo:

1. Dear John
2. Dear Dad
3. O friend
4. O friends
5. O big fool
6. Dear Mum
7. Ladies and gentlemen
8. O son / hey dude
9. O noble teacher
10. Dear friend

2. You are addressing the following people (by the Irish forms of their names; see pp. 90-91):
John, Bridget, James, Kevin, Brian, George, Christopher, Kate, Paul, Patrick.

3. Litir do do spéirbhean / spéirfhear

You like someone a LOT. Write him/her a letter, making good use of your terms of endearments!

4. Translate the following sentences, using first the 2sg then the 2pl imperative:

1. Listen to him!
2. Call me (put a call on me) tomorrow. I'll be at home in the evening.
3. Don't leave now. It's too early.
4. Don't eat that!
5. Don't worry (don't be worried).
6. Watch them!
7. Give me the cup, please.

8. Do the homework.
9. Come with me.
10. Don't say that.

5. Cuir Gaeilge air:

1. Get up, Seán, and come down.
2. Go out, Síle, and don't come in!
3. Come in and sit down.
4. Don't go outside today.
5. The water was coming down on us.
6. I was going up the stairs.
7. Is Aisling in? No, she's not home. She's outside.
8. Are you coming home?
9. Go home and stay home!
10. Are you upstairs? Come down!

TEANGA IS CULTÚR

Rann

I d'óige, oscail do mheabhair,
Is bailigh an fhoghlaim leat.

In your youth open your mind
and gather learning as you go.

Rainn do Pháistí

Buail ar an doras
Is féach isteach
Ardaigh an laiste
Agus siúil isteach
Suigh ar an stól
Agus bí ag ól
Cén chaoi a bhfuil tú ar maidin?
(CC #1)

Knock on the door
And look inside
Lift the latch
And walk inside
Sit on the stool
And have a drink:
How are you doing this morning?

Dhá éinín bheaga thuas ar an gcrann,
Sin é Peadar, sin é Pól.
Imigh uaim a Pheadair
Imigh uaim a Phóil.
Tar ar ais a Pheadair
Tar ar ais a Phóil!
(CC #6b)

Two little birds up on the tree
That is Peadar, that is Pól.
Go away, Peadar
Go away, Pól
Come again Peadar
Come again Pól.

Inis scéal,
Cum bréag
Nó bí amuigh!
(CC #338)

Tell a story,
Make up a lie,
Or you're out!

Aon, dó, trí,
Fathach mór buí.
Rith isteach, rith amach,
Rith anonn is rith anall
Nó rith isteach i bpoll -
Tá an fathach ar do thí:
Amach leat, amach leat!
(RR 27; *cluiche folach bíog*)

One, two, three
A big ugly giant.
Run inside, run outside
Run over there and back again
Or run into a hole -
The giant's going to get you:
Out with you! Out with you!
(*game of hide and seek*)

Amhrán do Leanbh

Caithimid suas is suas é
Caithimid suas an páiste
Caithimid suas is suas é
Is tiocfaidh sé anuas amárach.

Let's throw him up and up
Let's throw the child up
Let's throw him up and up
And he'll come down tomorrow.

Amhrán: Éirigh Suas a Stóirín

Éirigh suas, a stóirín,
mura bhfuil tú i do shuí
Osgail an doras,
agus lig mise chun tí.
Tá buidéal i m'aise
a bhéarfais deoch do mhnaoi an tí
Is tá súil agam
nach ndiúltíonn tú mé fá d'iníon.

Get up my darling
if you're not still up.
Open the door
and let me into the house.
I have a bottle for the housewife
to pour her a drink:
And I hope you won't refuse me
your daughter in marriage.

Seanfhocail

Ceart dom, ceart duit!

What's right for the gander is right for the goose.

Ná déan nós is ná bris nós!

Don't make a custom and don't break a custom.

Is é an bia capall na hoibre.

Food is a good workhorse.

Níl uasal ná híseal
ach suas seal is síos seal.

There is no such thing as high and low,
only up for a while, and down for a while.

Traditional Irish First Names

Some Irish names have become very popular in the entire English-speaking world: Brendan (Breandán), Kevin (Caoimhín), Bridget (Bríd), Kathleen (Caitlín), Moira (Máire), Maureen (Máirín), Nóra, and, more recently, Liam and Seán. In the case of names such as Brian, Neil / Neal (US), Kevin, and Sheila, most people may not even be aware that the name is originally Irish.

Many traditional names are attested already in the earliest written records (from the seventh century onwards) and appear to be native. These include, for women: Áine, Ailbhe, Bríd, Eithne, Gráinne, Síle, Sorcha, Úna; and for men: Conn, Fearghal, Fearghus, Oscar, Art, Cormac, Éamonn, Eoghan, Tadhg, Dónall, Rónán, Oisín, Ruairí and Caoimhín.

Irish naming practices did not change significantly during the first centuries of Christianization, though Latinized names and Irish names reflecting religious practice make an appearance in the written sources, especially for churchmen: Colmcille ‘the dove of the church’; Máel Muire ‘devotee (tonsured one) of St Mary.’ The name of the Virgin Mary, *Muire*, was borrowed early, but there is no indication that it was used as a girl’s name.

As elsewhere in Europe, naming practices changed drastically with the church reforms of the twelfth century. The custom of naming children after popular Christian saints brought about the spread of a more or less uniform set of names throughout Europe. Many of the most common Irish names were introduced to Ireland at this juncture. Some of the most common saints’ names for women are:

Cáit	Kate	(a Cháit)
Caitlín	Kathleen	(a Chaitlín)
Éilís	Elizabeth	(a Éilís)
Bairbre	Barbara	(a Bhairbre)
Máire	Mary	(a Mháire)
Nóra	Honora	(a Nóra)

Some common Christian names for men are:

Peadar	Peter	(a Pheadair)
Pól	Paul	(a Phóil)
Mícheál	Michael	(a Mhícheáil) ⁴⁰
Labhrás	Laurence	(a Labhrais)
Liam	William	(a Liam)
Proinsias	Francis	(a Phroinsias)
Críostóir	Christopher	(a Chríostóir)
Pádraig	Patrick	(a Phádraig)
Seoirse	George	(a Sheoirse)
Muiris	Maurice	(a Mhuiris)

⁴⁰ In Munster, the vocative of *Mícheál* is *a Mhíchíl*.

Since the Celtic Revival around the turn of the nineteenth century, the names of Irish heroes and heroines from the medieval sagas started to become fashionable among English speakers. Names such as Maeve (Méabh), Connor (Conchobhor), Emer, Niamh and Fergus from the Ulster cycle of tales, Fionn, Oisín, Dermot (Diarmuid) and Gráinne from the Fenian cycle, and Cormac from the historical cycle, which had become rare after the medieval period, became popular again. The name *Emer* is a case in point: It is usually pronounced [i:mer] today, whereas in Old Irish it was pronounced [ɛver]. Another modernism is the name *Aisling*; the word, meaning ‘dream,’ only became popular as a name for a woman in the twentieth century.⁴¹

Girls’ names based on Irish place names, such as Erin (Ireland), Shannon (the river), and Tara (the seat of the Irish high kings in Irish myth), may first have gained currency among Irish Americans as a symbol of identification with their ethnic homeland; of these, only Tara is occasionally used in Ireland.

⁴¹ In the earliest literature an *aisling* refers to a dream vision of a beautiful woman; in seventeenth-century political *aisling* poetry, the woman in the vision was typically a personification of Ireland. These personifications (Dark Rosaleen, Kathleen Ni Hoolihan etc) had a great appeal to the cultural nationalist imagination.

9

CEAHT A NAOI

FOCLÓIR

ag bualadh le X	meeting X
ag moladh	praising
ag réiteach le chéile	getting on with each other
ag troid	fighting
aintín (f)	aunt
an iomarca ^C (f)	too much
an Lá Altaithe (m)	Thanksgiving Day
árasán (m)	apartment
athair mór, seanathair (m)	grandfather
bean chéile (f)	wife
beirt (f)	two people
an bheirt acu	the two of them
bricfeasta (m)	breakfast
buidéal (m)	bottle
bus (m)	bus
carr (m)	car
ceolchoirm (f)	concert
clann (f)	children, offspring
col ceathar (m)	cousin
colscaradh (m)	divorce
dea-scéal (m)	good news ⁴²
dráma (m)	drama
drochscéal (m)	bad news
droch-chuideachta (f)	bad company
eitleán (m)	plane
fear céile (m)	husband
fírinne (f)	truth
glasraí (m, pl)	vegetables
glaoch (m)	(phone) call
gloine (f)	glass
iarsmalann, (f); pl iarsmalanna	museum
máthair mhór (f); seanmháthair (f)	grandmother
milseog (f)	dessert
muintir	family
neacht (f)	niece
nia (m)	nephew

⁴² The forms *dea-scéala* and *drochscéala* are also used; *scéala* functions as a collective noun with the meaning ‘news, tidings, message.’

óstán (m)	hotel
pióg phuimcín (f)	pumpkin pie
teaghlach, comhluadar ^C (m)	household, family
toirtín úll (m)	apple tart
traein (f)	train
turcaí (m)	turkey
uimhir (f)	number
uncail (m)	uncle
blasta	tasty
colscartha	divorced
dall	blind
daor	expensive
galánta	nice, fine
pósta	married
róbhruite	overcooked
scartha	separated
singil	single
sona sásta	very happy
uilig ^C	all
ar ais	back
ar dtús	at first, in the beginning
ar ndóigh	of course
bain sult as!	enjoy!
cén áit a ndeachaigh tú?	where did you go?
céard a tharla?	what happened?
chuig	to
cuir glaoch ar X	call X (on the phone)
déan dearmad ar X	forget X
go bhfóire Dia ar X	may God have mercy on X
i m'aonar (i d'aonar, ina aonar etc.)	by myself (by yourself, by himself etc.)
le cúpla bliain anuas	for a couple of years
mar sin	so, thus
mar de ghnáth	as usual
nuair a	when
aon, amháin	one
dó, dhá	two
trí	three
ceathair, ceithre	four
cúig	five
sé	six
seacht	seven
ocht	eight
naoi	nine
deich	ten

COMHRÁ

Sara and Seán, who are studying Irish in Boston, are discussing their respective Thanksgiving experiences.

- Sara: Dia duit a Sheáin. Cén chaoi a bhfuil tú?
- Seán: Tá mé go breá, go raibh maith agat. Cá raibh tú ag an deireadh seachtaine? Chuir mé glaoch ort cúpla uair.
- Sara: Chuaigh mé abhaile go Nua Eabhrac don Lá Altaithe.
- Seán: Cén chaoi a raibh sé?
- Sara: Bhí sé go hiontach. Bhí sé an-deas chuile duine a fheiceáil.
- Seán: Cé a bhí ann?
- Sara: Bhí mo mhuintir uilig ann: m'athair agus mo mháthair, mo dheartháir agus a bhean chéile, agus a gclann: tá beirt nia agam agus neacht.
- Seán: An raibh do dheirfiúr Máire ann chomh maith?
- Sara: Bhí. Bhí Máire ann lena fear céile.
- Seán: An bhfuil sí pósta? Ní raibh a fhios agam sin.
- Sara: Tá, le cúpla bliain anuas, go bhfoire Dia uirthi!
- Seán: Cén fáth? Céard atá cearr?
- Sara: Níl siad ag réiteach rómhaith le chéile. Bhí siad ag troid an oíche ar fad, agus mise i mo shuí ag an mbord idir an bheirt. Bhí sé uafásach. – Agus tú féin? An ndeachaigh tú abhaile?
- Seán: Chuaigh. Tháinig mé ar ais díreach inniu.
- Sara: Ar bhain tú sult as?
- Seán: Bhain; bhí sé togha. Bhí chuile duine tigh mo sheanmháthar mar de ghnáth. Ach ní mé cinnte go⁴³ mbeidh muid ag dul ann arís.
- Sara: Cén fáth?
- Seán: Tá mo sheanmháthair ag éirí sean, agus tá sí beagán dall. Is cócaire réasúnta í, ach ní raibh an bia ródheas an t-am seo. An bhean bhocht! Bhí an turcaí dóite go dona, bhí na glasraí róbhruite, agus ní raibh na fataí rósta go leor. Bhí chuile duine ag rá go raibh an bia go galánta ar ndóigh! Bhí milseog dheas againn, buíochas le Dia; rinne mo mháthair toirtín úll a bhí fíorbhlasta, agus cheannaigh mo dheartháir uachtar reoite.
- Sara: Fuair tusa an drochbhia agus mise an droch-chuideachta mar sin.
- Seán: Fuair. Níl mé cinnte cé acu is fearr.

⁴³ In this usage, *go* means 'that'. You will learn about indirect statements next semester.

Comhrá Breise

Pádraigín: Cá raibh tú, a Aisling?

Aisling: Bhí mé ar laethanta saoire.

Padraigín: Cén áit a ndeachaigh tú?

Aisling: Chuaigh mé go dtí an Fhrainc. Bhí mé i bPáras ar feadh cúpla seachtain. Bhí sé go hiontach.

Pádraigín: An ndeachaigh tú i d'aonar?

Aisling: Ní dheachaigh. Tháinig mo chara Áine liom.

Pádraigín: Céard a rinne sibh i bPáras?

Aisling: Ní dhearna muid mórán. Chuaigh muid go dtí an Louvre agus iarsmalanna eile ar ndóigh, agus d'ith muid bia galánta.

Pádraigín: An bhfaca sibh an Túr Eiffel?

Aisling: Chonaic cinnte.

Pádraigín: An bhfuair sibh óstán réasúnta? Nach raibh sé daor?

Aisling: Ní raibh. Ní bhfuair muid óstán ar bith. D'fhan muid in árasán mo dheirfiúr atá ag staidéar i bPáras. Bhí an-am againn.

§2. Na hUimhreacha 1-10 (The Numbers 1-10)**§2.1. Numbers Standing Alone**

a haon	one
a dó	two
a trí	three
a ceathair	four
a cúig	five
a sé	six
a seacht	seven
a hocht	eight
a naoi	nine
a deich	ten
a náid	zero

- These numbers are used for:

§2.1.1 Basic arithmetic:

a cúig pointe a trí	(5.3)
a haon is a haon sin a dó	(1 + 1 = 2)
a ceathair lúide a dó sin a dó	(4 - 2 = 2)

§2.1.2. Giving your telephone number:

a ceathair a naoi a cúig a haon a dó a náid a hocht (495-1208)

§2.1.3. Playing cards:

an dó spéireata	the two of spades
an t-aon hart	the one of hearts
an ceathair triuf	the four of clubs
an seacht muileata	the seven of diamonds

§2.1.4. Telling time (see next chapter):

tá sé a haon a chlog it's one o'clock

§2.1.5. And all other contexts where numbers stand on their own:

a haon a dó a trí	a-one, a-two, a-three
bus a dó	bus number two
seomra a cúig	room number five
Éilís a Dó	Elizabeth II

§2.2. Numbers Followed by Nouns (Counting Objects)

- Generally, the singular rather than plural form of the noun is used with numerals. When counting objects, a different form of the numerals 'one,' 'two' and 'four' is used. *Amháin*, 'one' follows the noun:

mada amháin one dog⁴⁴

- All other numbers precede the noun. The numbers 2-6 cause *séimhiú*:

dhá mhada	two dogs
trí chat	three cats
ceithre bhláth	four flowers
cúig bhláth	five flowers
sé bhuidéal	six bottles

- The numbers 7-10 cause *urú*:

seacht mbuidéal	seven bottles
ocht n-éan	eight birds
naoi gcapall	nine horses
deich bpeann	ten pens

⁴⁴ *Amháin* means 'only'; it was initially presumably added for emphasis. The form *aon* is found in the construction *aon mhada amháin* 'one dog only' but *mada amháin* has become the unmarked form.

Counting Objects

capall amháin	1	úll amháin
dhá chapall	2	dhá úll
trí chapall	3	trí úll
ceithre chapall	4	ceithre úll
cúig chapall	5	cúig úll
sé chapall	6	sé úll
seacht gcapall	7	seacht n-úll
ocht gcapall	8	ocht n-úll
naoi gcapall	9	naoi n-úll
deich gcapall	10	deich n-úll
capall ar bith	0	úll ar bith

§3. Cén áit a ndeachaigh tú? ‘Where did you go?’ (*chuíg; go; go dtí*)

§3.1. *chuíg*

- Used when you’re talking about going to an event or to see a person. *Chuíg* causes no mutation; when followed by the article *an* it causes *urú*:

Chuaigh Nóra *chuíg* dráma.

Nóra went to a play.

Chuaigh Liam *chuíg* an gceolchoirm.

Liam went to the concert.

Chuaigh sí *chuíg* an dochtúir.

She went to the doctor.

Chuaigh sí *chuíg* a deirfiúr.

She went to her sister.

CHUIG ‘to’

chugam	<i>to me</i>	chugainn	<i>to us</i>
chugat	<i>to you</i>	chugaibh	<i>to you</i>
chuíge	<i>to him</i>	chucu	<i>to them</i>
chuíci	<i>to her</i>		

- Chuíg* is also used in these common expressions:

Cuir litir *chuíci*.

Send her a letter.

Cuir *chugam* an báinne, mas é do thoil é.

Pass me the milk, please

§3.2. go

- Used before placenames which are NOT preceded by the definite article (cities; certain countries, incl. Ireland; American states). *Go* prefixes ‘h’ to words beginning with a vowel:

Chuaigh mé go Baile Átha Cliath.	I went to Dublin.
Chuaigh muid go hArd Mhacha.	We went to Armagh.
Tá Seán ag dul go hÉirinn.	Seán is going to Ireland.
Tá mé ag dul go Michigan.	I am going to Michigan.

§3.3. go dtí

- Used before placenames *and any other nouns* that are preceded by the article; does not affect them in any way:⁴⁵

Chuaigh sé go dtí an Fhrainc.	He went to France.
Tháinig sé go dtí an siopa.	He came to the shop.

CEACHTANNA LE DÉANAMH

1. Form affirmative sentences in the past tense from the following verbal stems, and then convert these statements into questions and negative responses. Translate the verb stem.

Example: *fan*: ‘stay’: *D’fhan sé sa mbaile; Ar fhan sé sa mbaile? Níor fhan; Fan.*

1. fág
2. éist
3. scríobh
4. ceannaigh
5. cuir
6. éirigh
7. suigh
8. críochnaigh
9. freagair
10. foghlaim

2. Translate the following sentences. Turn them into questions and answer them:

D’ól sí an bainne. ‘She drank the milk.’ – *Ar ól sí an bainne? D’ól.*

1. Ghlan sé an t-urlár.
2. Bhris an páiste an fhuinneog.
3. D’fhan sí liom.
4. D’oscail muid an doras.
5. Cheannaigh mé buidéal uisce.

⁴⁵ *Go dtí* is not a preposition though it acts like one; it is originally a verbal phrase in the subjunctive ‘until you come (to).’

6. Chuaigh sé abhaile.
7. Tháinig Máire linn.
8. Thug mé leabhar dó.
9. Chuala sí ceol.
10. Rinne mé an obair.

3. Convert the following affirmative sentences into questions and negative responses, according to the model:

Chonaic mé. > An bhfaca mé? Ní fhaca.

1. Chonaic sí é.
2. Chuala sé í.
3. Rinne siad é.
4. Chuaigh muid ann.
5. Thug sé leis é.
6. Dúirt tú é sin.
7. Tháinig sibh anseo.
8. Fuair tú é.
9. D'ith sibh.
10. Rug mé air.

4. Translate the following questions into English and answer them, first in the affirmative, then in the negative:

1. Ar thug tú bia don chat?
2. An raibh do dheirfiúr sa mbaile?
3. An ndeachaigh tú go dtí an scannán?
4. Ar chuala tú an scéal sin?
5. Ar ith tú do dhinnéar?
6. An bhfaca tú mo mhada?
7. An ndearna tú d'obair bhaile?
8. An ndúirt sé an fhírinne?
9. An bhfuair tú bronntanas?
10. Ar rug an cat ar an luch?
11. Ar tháinig Liam abhaile go fóill?

5. Cuir Gaeilge air seo:

1. Did you see that movie? Yes. It was great!
2. Did you hear the good news? No.
3. Did they go home last week? Yes.
4. Did he give you the book? No.
5. Did he do the homework? Yes.
6. Did she get the job? No.
7. Did the dog catch the cat? No.
8. Did your sister come home on Thanksgiving Day? Yes.

6. Cuir Gaeilge air:

1. five books
2. eight apples
3. two bottles
4. nine nights
5. six cats
6. seven birds
7. three glasses
8. four cars
9. ten windows
10. one class

7. Cluiche: Tá Mála Mór Agam

You are going off to Hawaii (or any place of your choice), and you need to pack a few things into your travel bag. Start with the formula *Tá mé ag dul go Hawaii amárach. Tá mála mór agam agus trí bhuidéal fíon ann*. The person next to you repeats that formula, but has to add an item of his/her own: ... *trí bhuidéal fíon agus seacht leabhar Gaeilge ann*. NB The suitcase can accommodate practically anything!

8. Cluiche: Sé Ghé

Each student says a number from one to ten plus a noun (whoever repeats a noun must pay a forfeit). However, *sé* (6) is always followed by *gé* ‘goose’.

9. Obair Ranga: Rang Mataimaitic as Gaeilge

Each student writes out a couple of simple equations on a piece of paper (in numbers not words!). Students then take turns at the blackboard, writing out the equations dictated to them by their peers. One student is nominated teacher and has to verify that both arithmetic and orthography is correct!

10. Scríobh amach na huimhreacha seo a leanas (‘Write out the following numbers’) as Gaeilge:

1. 617-495-1000
2. 724-694-5353
3. $4+5=9$
4. $6+4=10$
5. 5.63
6. $7-5=2$

11. Obair Bheirte: Laethanta Saoire: Cá raibh tú anuraidh?

Pair up with another student and ask each other where you were on holidays last year. Ask each other whether you ever were in a certain country, which countries you like etc.

12. Write about either your trip home for Thanksgiving OR the Thanksgiving from hell.

Describe the people who were there, say what you did and talked about, and what you ate and drank.

TEANGA IS CULTÚR

Rann Comhairimh ‘Counting Rhyme’

A haon, a dó
caora is bó.
A trí is a ceathair,
bróga leathair.
A cúig is a sé
cupán tae.
A seacht is a hocht
seanbhean bhocht
A naoi is a deich
gabh i leith
Suigh síos
is lig do scíth.
(CC #220)

One, two,
a sheep and a cow
three and four
leather shoes
Five and six
a cup of tea.
seven and eight
a poor old woman
Nine and ten
come here
sit down
and take it easy.

Rann do Pháistí

Chuaigh an mhuicín seo ar an aonach;
D’fhan an mhuicín seo ag baile;
Fuair an mhuicín seo arán is im;
Ní bhfuair an mhuicín seo tada;
‘Bhíoc, bhíoc, bhíoc,’ arsa an bainbhín,
‘Tá ocras ormsa.’
(RR 8)

This little pig went to market;
This little pig stayed home;
This little pig got bread and butter;
This little pig got nothing;
‘Oink, oink, oink,’ said the piglet,
‘I’m hungry.’

Rann: Nuair a Bhí Mé Óg

Nuair a bhí mé óg agus mé gan chéill,
Cheannaigh mé fídl ar scilling is réal.
Seo é an port a bhí ar casadh:
‘Os cionn an chnoic is i bhfad ó bhaile’
(CC #300)

When I was young and foolish
I bought myself a fiddle for a shilling and a sixpense
The tune it was playing was
‘Over the hills and far from home.’

Amhrán: Tá mo Chleamhnas Déanta

Ó d'éirigh mé ar maidin dhá uair roimh an lá
Agus fuair mise litir ó mo mhíle grá;
Chuala mé an smólach is an lon dubh a rá
Gur éalaigh mo ghrá thar sáile.

Since I got up this morning two hours before daybreak
And I got a letter from my own love
I have heard the lark and the blackbird sing
That my love has gone across the ocean.

Amhrán: Níl Sé ina Lá (II)

1.
Chuaigh mé isteach i dteach aréir
Is d'iarr mé cárt ar bhean an leanna;
Is é dúirt sí liom: Ní bhfaighidh tú deor,
Buail an bóthar is gabh 'na bhaile.

1.
I went into a (ale)house last night
and asked the bar woman for credit
This is what she said: 'You won't get a drop
Hit the road and go home.'

Curfá:
Níl sé ina lá, níl a ghrá
Níl sé ina lá, is ní bheidh go maidin
Níl sé ina lá, is ní bheidh go fóill
Solas ard atá sa ngealaigh.

Refrain
It's not day yet, it isn't, love,
It's not day yet, and it won't be till morning
It's not day yet, and it won't be for a while
The moon is very bright.

2.
Chuir mé féin mo lámh i mo phóca
Is d'iarr mé briseadh coróin uirthi,
Is é dúirt sí liom: 'Buail an bord
Is bí ag ól anseo go maidin.'

2.
I put my hand in my pocket
and asked for change for a crown
This is what she said: 'Sit at the table
and drink here until morning.'

3.
Éirigh i do shuí, a fhir an tí
Cuir ort do bhríste is do hata
Go gcoinní tú ceol leis an duine cóir
A bheas ag ól anseo go maidin.

3.
'Get up, Man of the House
Put on your trousers and your hat
Keep this good man company
Who will be drinking here until morning.'

4.
Nach mise féin an fear gan chéill
A d'fhág mo chíos i mo scornaigh
D'fhág mé léan orm féin
Is d'fhág mé séan ar dhaoine eile.

4.
Am I not a fool
I left my rent in my throat
I left sorrow for myself
and I left prosperity to others.

10

CEAHT A DEICH

FOCLÓIR

cara (m), pl. cairde	friend
ceathrú (f), ceathrú uair an chloig	quarter, a quarter of an hour
ceirtlis (f)	cider (alcoholic)
ceol clasaiceach (m)	classical music
ceol traidisiúnta (m)	traditional music
cluiche (m)	game
deireadh seachtaine (m)	weekend
dinnéar (m)	dinner
foireann (f)	team, crew
léacht (f)	lecture
leadóg (f)	tennis
leann (f)	beer, ale
leann dubh	stout, porter
leath (f)	half
leathuair (f)	half hour
lón (m)	lunch
meán oíche (m)	midnight
míle (m)	mile; thousand
nóiméad (m)	minute
peil (f)	soccer
píopa (m)	pipe
popcheol (m)	pop music
rac-cheol (m)	rock music
scannán (m)	movie
snagcheol (m)	jazz
tobac (m)	tobacco
toitín (m), pl. toitíní	cigarette
uair (f), pl. uaireanta	hour, time
uisce beatha (m)	whiskey
dul ag iascaireacht	go fishing
imirt	play (a sport)
péinteáil	painting
airím uaim thú/sibh	I miss you
an t-am ar fad	all the time
a chlog	o'clock
chun	to, up to, until
cráite	tormented

de ghnáth	usually
gach lá	every day
go hannamh	seldom
go léir	all
go minic	often
i gcónaí	always
idir	between
le tamall	for a while
ó am go ham	from time to time
tar éis	after
téim a chodladh ⁴⁶ / a leaba	I go to sleep / to bed
uair sa tseachtain	once a week
uaireanta	sometimes

LITIR ABHAILE

A Mhamaí,

Go raibh maith agat as do litir. D'iarr tú orm insint duit faoi chúrsaí an lae anseo. Seo anois iad. Téim chuig ranganna gach maidin ar a naoi nó ar a deich, agus críochnaím ar a cúig. Déanaim staidéar idir a hocht agus meán oíche. Uair sa tseachtain imrím leadóg leis an bhfoireann; oibrím sa leabharlann ar an deireadh seachtaine. Anois is arís, téim amach le mo chairde san oíche, ach de ghnáth, bím róthuirseach agus fanaím sa mbaile. Téim a chodladh ag meán oíche.

An bhfuil gach duine go maith sa mbaile? Cén chaoi a bhfuil Daidí? An bhfuil a chos tinn go fóill? Ní bhfuair mé litir ó Mháire le tamall. An mbíonn sí ag troid le Seán mar is gnáth? Cén chaoi a bhfuil Tiarnán? Chonaic mé mada a bhí beagán cosúil leis inné, agus bhí mé cráite.

Airím uaim sibh go léir, agus tá mé ag súil go mór leis na laethanta saoire.

Le grá,
Síle

AN CEACHT GRAMADAÍ

§1. An Aimsir Láithreach (The Present Tense)

- In Irish, as in English, the present continuous (*tá mé ag dul* / I am going) has expanded at the expense of the present tense (*téim* / I go), with the result that the use of the present tense has become relatively restricted. It is used mainly in the following three contexts:

a) With verbs of sensation and perception, and verbs of opinion:

airím	I perceive, feel
aontaím	I agree
ceapaim	I think
cloisim	I hear
deirim	I say
feicim	I see

⁴⁶ In the phrase *dul a chodladh*, *a* is a reduced form of *do*.

mothaím	I feel, sense
sílim	I think
tuigim	I understand

b) For habitual activities:

éirím go luath gach lá.	I get up early every day.
téim abhaile ar a cúig.	I go home at five.

c) For gnomic statements:

Déanann sparán trom croí éadrom.	A heavy purse makes for a light heart.
Molann an obair an fear.	The work praises its maker.

There are two conjugations of regular verbs in Irish.

§1.1. An Chéad Réimniú / First Conjugation

- We can divide the first conjugation into verbs with monosyllabic stems (1A) and those with polysyllabic stems (1B/1C).

1A	bris ‘break’ / glan ‘clean’
1B	sábháil ‘save’
1C	tiomáin ‘drive.’

§1.1A. Monosyllabic Stems

bris ‘break’	glan ‘clean’
brisim	glanaim
briseann tú	glanann tú
briseann sé/sí	glanann sé/sí
briseann muid	glanann muid
briseann sibh	glanann sibh
briseann siad	glanann siad

- One exception to this pattern is *siúil*, which is depalatalized: **siúlaim, siúlann tú, etc.**
- Monosyllabic verbs ending in *-igh* have basically the same endings but show some fluctuation in spelling and are best learned individually:

<i>stem</i>	<i>1sg</i>	<i>3sg</i>	<i>vn</i>	
dóigh	dóim	dó nn sé	ag dó	<i>burn</i> (tr)
báigh	báim	bá nn sé	ag bá	<i>drown</i> (tr)
brúigh	brúim	brú nn sé	ag brú	<i>press</i>
léigh	léim	lé ann sé	ag léamh	<i>read</i>
luigh	luím	luí onn sé	ag luí	<i>lie</i>
suigh	suím	suí onn sé	ag suí	<i>sit</i>
nigh	ním	ní onn sé	ag ní	<i>wash</i> (tr)

- Note that the subject of the verbs marked (tr) above *performs* the action of the verb: *dóinn sé* X ‘he burns (something)’; *bánn sí* X ‘she drowns (something)’; *ním* X ‘I wash (something)’.

§1.1B. Polysyllabic Stems

- Most polysyllabic verbs take the second conjugation, as we shall see, but *some* disyllabic verbs take the first conjugation, including all verbs ending in *-áil* (*bácáil* ‘bake’; *cniotáil* ‘knit’; *liostáil* ‘list’; *marcáil* ‘mark’; *priontáil* ‘print’; *sábháil* ‘save’; *spáráil* ‘save up, spare’; *robáil* ‘rob’; *vótáil*, ‘vote’). **First conjugation polysyllables are never syncopated**; thus a disyllabic stem will have a trisyllabic inflected form. Some of these polysyllabic stems are depalatalized and treated like a broad stem.

Stems in <i>-áil</i>:				
<i>sábháil</i>	<i>sábhálaim</i>	<i>sábhálann sé</i>	<i>ag sábháil</i>	<i>save</i>
Other depalatalized stems:				
<i>taispeáin</i>	<i>taispeánaim</i>	<i>taispeánann sé</i>	<i>ag taispeáint</i>	<i>show</i>
<i>gearáin</i>	<i>gearánaim</i>	<i>gearánann sé</i>	<i>ag gearán</i>	<i>complain</i>
<i>ceiliúir</i>	<i>ceiliúraim</i>	<i>ceiliúrann sé</i>	<i>ag ceiliúradh</i>	<i>celebrate</i>
Stems that preserve the stem’s palatal inflection:				
<i>tiomáin</i>	<i>tiomáinim</i>	<i>tiomáineann sé</i>	<i>ag tiomáint</i>	<i>drive</i>
Broad stems:				
<i>teagasc^U</i>	<i>teagascaim</i>	<i>teagascann sé</i>	<i>ag teagasc</i>	<i>teach</i>

§1.2. An Dara Réimniú / The Second Conjugation

§1.2A. Stems in *-(a)igh*

- The second conjugation contains polysyllabic verbs only.⁴⁷ The first and by far the largest group of verbs end in *-(a)igh* (2A). In the inflected forms, the final consonant is lost so that the inflected verb has the same number of syllables as the stem.

éirigh ‘get up’	ceannaigh ‘buy’
<i>éirím</i>	<i>ceannaím</i>
<i>éiríonn tú</i>	<i>ceannaíonn tú</i>
<i>éiríonn sé/sí</i>	<i>ceannaíonn sé/sí</i>
<i>éiríonn muid</i>	<i>ceannaíonn muid</i>
<i>éiríonn sibh</i>	<i>ceannaíonn sibh</i>
<i>éiríonn siad</i>	<i>ceannaíonn siad</i>

⁴⁷ Usually disyllabic, but there are a handful of trisyllabic verbal stems, e.g. *comhairligh* ‘counsel’ and *dúnmharaigh* ‘murder.’

§1.2B. Syncopated Stems

- Verbal stems ending in *-in*, *-il*, *-ir* and *-is* are in some (but not all) contexts syncopated, so that the inflected form has the same number of syllables as the stem:

aithin	aithním	aithníonn sé	ag aithint	<i>recognize</i>
codail	codlaím	codlaíonn sé	ag codladh	<i>sleep</i>
oscail	osclaím	osclaíonn sé	ag oscailt	<i>open</i>
freagair	freagraím	freagraíonn sé	ag freagairt	<i>answer</i>
imir	imrím	imríonn sé	ag imirt	<i>play</i>
inis	insím	insíonn sé	ag insint	<i>tell</i>
labhair	labhraím	labhraíonn sé	ag labhairt	<i>speak</i>

§1.2C. Stems That Resist Syncopation

- The remaining - very small - group of second conjugation verbs resist syncopation, so that a disyllabic verbal stem will produce a trisyllabic inflected form:

foghlaim	foghlaimím	foghlaimíonn sé	ag foghlaim	<i>learn</i>
tarraing	tarraingím	tarraingíonn sé	ag tarraingt	<i>pull</i>
taistil	taistealaím	taistealaíonn sé	ag taisteal	<i>travel</i>
freastail (ar)	freastalaím (ar)	freastalaíonn sé (ar)	ag freastal (ar)	<i>attend</i>

§1.3 The Irregular Verbs

Affirmative	Negative	Interrogative	
feicim	ní fheicim	an bhfeiceann tú?	<i>see</i>
déanaim	ní dhéanaim	an ndéanann tú?	<i>do</i>
téim	ní théim	an dtéann tú?	<i>go</i>
faighim	ní fhaighim	an bhfaigheann tú?	<i>get</i>
deirim	ní deirim	an ndeir tú?	<i>say</i>
cloisim	ní chloisim	an gcloiseann tú?	<i>hear</i>
tugaim	ní thugaim	an dtugann tú?	<i>give</i>
tagaim	ní thagaim	an dtagann tú?	<i>come</i>
beirim ar	ní bheirim ar	an mbeireann tú ar?	<i>catch</i>
ithim	ní ithim	an itheann tú?	<i>eat</i>

§1.4. Negative and Interrogative

- Verbs beginning in consonants:

negative: Ní **cheannaím** milseáin.
 interrog.: An **gceannaíonn** tú milseáin?
 neg. int.: Nach **gceannaíonn** sé milseáin?

I do not buy sweets.
 Do you buy sweets?
 Doesn't he buy sweets?

- Verbs beginning in vowels:

Ní éirím go luath.
 An éiríonn tú⁴⁸ go luath?
 Nach **n-éiríonn** tú go luath?

I don't get up early.
 Do you get up early?
 Don't you get up early?

- Responses to questions are constructed by repeating the verb:

An dtuigeann tú an léacht?
 Tuigim. / Ní thuigim.
 An bhfreastalaíonn sí ar an rang?
 Freastalaíonn. / Ní fhreastalaíonn.

Do you understand the lecture?
 Yes. / No.
 Does she attend the class?
 Yes. / No.

§2. An Aimsir Ghnáthláithreach (The Present Habitual)

- The substantive verb has a special form used to express habitual action in the present:

bím	<i>I am (habitually)</i>
bíonn tú	<i>you are (habitually)</i>
bíonn sé/sí	<i>he/she is (habitually)</i>
bíonn muid	<i>we are (habitually)</i>
bíonn sibh	<i>you are (habitually)</i>
bíonn siad	<i>they are (habitually)</i>

negative: ní bhíonn tú
 interrog.: an mbíonn tú?
 neg. int.: nach mbíonn tú?
 where: cá mbíonn tú?

Bíonn sé tinn go minic. He is sick often.

⁴⁸ Note that the interrogative particle *an* does *not* prefix an 'n' to a verb beginning with a vowel.

§3. An t-Am (Time)

1 a haon	7 a seacht
2 a dó	8 a hocht
3 a trí	9 a naoi
4 a ceathair	10 a deich
5 a cúig	11 a haon déag
6 a sé	12 a dó dheág

Cén t-am é?

Tá sé a haon **a chlog**.

Tá sé a dó a chlog.

Tá sé leathuair tar éis a trí.

Tá sé deich nóiméad tar éis a seacht.

Tá sé ceathrú chun a hocht.

Tá sé cúig nóiméad chun a dó.

leathuair, leathuair **an chloig**

ceathrú, ceathrú uair an chloig

nóiméad

chun

tar éis

san oíche

ar maidin

sa tráthnóna

ag meán lae

ag meán oíche

What time is it?

It's one o'clock.

It's two o'clock.

It's half past three.

It's ten past seven.

It's a quarter to eight.

It's five to two.

half an hour

a quarter of an hour

minute

to, until

after

at night

in the morning, a.m.

in the afternoon, p.m.

at midday

at midnight

§3.1. Talking about Daily Activities

Cén t-am a éiríonn tú ar maidin?

Cén uair a éiríonn tú ar maidin?

Éirím de ghnáth ar a hocht.

Ithim mo bhriceasta ar a naoi.

Siúlaim go dtí an ollscoil ar leathuair

tar éis a naoi.

Déanann siad a ndinnéar ar ceathrú

chun a sé.

What time do you get up in the morning?

What time do you get up in the morning?

I usually get up at eight.

I eat breakfast at nine.

I walk to university at half past nine.

They make dinner at quarter to six.

CEACHTANNA LE DEANAMH

1. Freagair na ceisteanna seo:

1. An éiríonn tú go luath ar maidin?

2. An itheann tú briceasta mór ar maidin?

3. An ólann tú tae nó caife?
4. An nglacann tú bainne nó an ólann tú tae/caife dubh?
5. An éisteann tú leis an raidió ar maidin?
6. An siúlann tú nó an dtéann tú ar an mbus?
7. An léann tú san oíche?
8. An ndéanann tú do dhinnéar féin?
9. An dtéann tú amach san oíche?
10. An ólann tú fíon nó uisce beatha?

2. Obair Ranga: Agallamh le Réaltóg

Tá agallamh agat le réaltóg chailiúil. Conduct an interview with your partner (the famous star) along the lines of:

Bia

An itheann tú: feoil glasraí bia mara ('seafood')?
bia Francach / Iodálach / Spáinneach / Indiach / Síneach?

Deoch

An ólann tú: uisce fíon uisce beatha ceirtlis?
leann dubh tae caife?

Tobac

An gcaitheann tú: tobac toitíní píopa?

Ceol

An éisteann tú le: ceol traidisiúnta ceol clasaiceach?
snagcheol popcheol rac-cheol?

San Oíche

An dtéann tú go dtí: an teach tábhairne an amharclann an phictiúrlann?

3. Put the following sentences into the present tense, then turn them into questions, and give a negative response:

1. Ghlan sé an t-urlár.
2. Bhris an páiste an fhuinneog.
3. D'fhan sí liom.
4. D'oscail muid an litir.
5. Cheannaigh mé uisce.
6. Chuaigh sé abhaile.
7. Tháinig Máire linn.
8. Thug mé leabhar dó.
9. Chuala sí ceol.
10. Rinne mé dearmad.

Obair Bhaile

1. Cuir Gaeilge air seo:

1. I go to sleep at nine o'clock every night.
2. She eats breakfast at five thirty every morning.
3. Do you take milk? No.
4. Do you understand his book? Yes.
5. He doesn't come here often.
6. They buy vegetables here every day.
7. She runs two miles every day.
8. He studies all the time. [i.e. 'he does be studying']
9. Do you play soccer? Yes.
10. Do you eat meat? No.

2. What do you do every day? Every weekend? Write a schedule of your activities.

3. Imagine you're an anthropologist doing field work on Mars. What are regular activities of the locals?

TEANGA IS CULTÚR

Seanfhocail

Déanann neart ceart.

Might is right.

Déanann sparán trom croí éadrom.

A full purse makes for a light heart.

Molann an obair an fear.

The work praises its maker.

Aithníonn ciaróg ciaróg eile.

It takes one beetle to recognize another.

Giorraíonn beirt bóthar.

Company shortens the road.

Tarraingíonn scéal scéal eile.

One story draws out another.

Bíonn an fhírinne searbh.

Truth is bitter.

Bíonn gach tosach lag.

Every beginning is weak.

Bíonn siúlach scéalach.

A traveller is full of tales.

Nuair a bhíonn an braon istigh,
bíonn an chiall amuigh.

When a drop has been taken,
sense goes out the door.

Tomhas

Céard a théann suas nuair a thagann an fhearhainn anuas?

What goes up when the rain comes down?

Rann do Pháistí

Gugalaí-gug, mo chircín dubh,
Suíonn sí síos is beireann sí ubh:
Ubh inné is ubh inniu,
Gugalaí-gug mo chircín dubh.
(RR 4)

Gugalaí-gug, my little black hen,
Sits down and lays an egg:
One egg yesterday and one egg today,
Gugalaí-gug, my little black hen.

Rann: An t-Am ‘Telling Time’

Tic, toc an gcloiseann tú mé?
Is mise an clog, is seanchlog mé.
Buailim a haon is buailim a dó
Ní chloiseann tú mé chomh luath sa ló.
Buailim a trí, a ceathair is a cúig;
Muintir an tí go fóill i suan.
Buailim a sé is buailim a seacht;
Éirigh a Róis, is réitigh an teach.
Buailim a hocht; tá an bricfeasta réidh.
Suígí síos is ólagaí bhur gcuid tae.
Buailim a naoi go hard is go binn;
Bígí ag triall ar scoil le bhur linn.
Buailim a deich is a haon déag a chlog;
Gach duine ag obair ag saothrú a chuid.
Buailim a dó dhéag ag meán lae
Fáilte an Aingil is abraigí é.
(CC #227)

Tick, tock, do you hear me?
I’m the clock – I’m an old clock.
I strike one and I strike two
You don’t hear me so early in the day.
I strike three, four and five
The household is still asleep.
I strike six and I strike seven;
Get up, Rose, and get the house in order.
I strike eight; breakfast is ready.
Sit down and drink your tea.
I strike nine, loud and melodious
Set out for school at this time.
I strike ten and I strike eleven
Everyone working earning a living.
I strike twelve at noon
for you to recite the Angelus.

11

CEACHT A HAON DÉAG

FOCLÓIR

bailigh, ag bailiú	collect
cuidigh le, ag cuidiú le	help
fiafraigh de, ag fiafraí de	ask
freagair, ag freagairt	answer
déan fabhar dom	do me a favor
iarr, ag iarraidh	request, want
iarr (ar dhuine)	ask (someone)
inis, ag insint	tell
crann Nollag (m)	Christmas tree
laethanta saoire (m., pl)	vacation
Nollaig (f)	Christmas
saoire (f)	holiday, vacation
úrscéal (m)	novel
éigin / eicint ^C	some
tuillte	earned
ó (uaim, uait, uaidh, uaithi, uainn, uaibh, uathu)	from (from me, from you, etc)
roimh (romham, romhat, roimhe, roimpi, romhainn, romhaibh, rompu)	before (before me, before you, etc)
an samhradh seo chugainn	next summer
an tseachtain seo chugainn	next week
an mhí seo chugainn	next month
céard atá ann?	what is it?
a choíche	ever, never (future events)
gan mhoill	soon
go leor	plenty; enough
go raibh míle maith agat	thank you very much
i gceann tamaill	in a while, later
i mbliana	this year
in am	in time
is féidir le X	X is able, X can
le déanamh	to do
níos déanaí	later
nó dhó	or two
sula	before (used with verb)
tá X ó Y	X is needed by Y (person); Y (person) needs X

COMHRÁ

Tar éis an ranga...

- Áine: Fan nóiméad, a Mháirín, tá rud eicínt agam duit. Nollaig shona duit!
- Máirín: Go raibh míle maith agat.
- Áine: Tá fáilte romhat. Ná hoscail do bhronntanas roimh an Nollaig!
- Máirín: Ceart go leor, ní osclóidh! Agus seo é bronntanas beag duitse.
- Áine: Ó, go raibh míle maith agat! (*ag breith air*) Hmm. Céard atá ann?
- Máirín: Ní inseoidh mé duit é sin! Caithfidh⁴⁹ tú fanacht!
- Áine: Ceart go leor, fanfaidh mé! Go raibh maith agat arís.
- Máirín: Tá fáilte romhat. Céard a dhéanfaidh tú ar na laethanta saoire?
- Áine: Ní dhéanfaidh mé rud ar bith. Rachaidh mé abhaile agus fanfaidh mé sa mbaile. Cuideoidh mé le mo thuismitheoirí; beidh go leor le déanamh againn sa teach – gheobhaidh muid crann Nollag agus déanfaidh muid cócaireacht. Ach beidh saoire dheas agam – íosfaidh mé bia maith, turcaí, císte. Léifidh mé úrscéal nó dhó. Ní dhéanfaidh mé obair ar bith. Bainfidh mé sult as sin.
- Máirín: Bainfidh, cinnte. Tá saoire tuillte agat.
- Áine: O, an ndéanfaidh tú fabhar dom, a Mháirín?
- Máirín: Déanfaidh. Céard atá uait?
- Áine: An bhfeicfidh tú Pádraigín sula n-imeoidh sí?
- Máirín: Feicfidh.
- Áine: An féidir leat a bronntanas a thabhairt di?
- Máirín: Is féidir. Tabharfaidh mé di anocht é.

AN CEACHT GRAMADAÍ

§1. An Aimsir Fháistineach (The Future Tense)

- The difference between the two conjugations is more marked in the future tense than in the present.

§1.1. First Conjugation Verbs

- The future tense of first conjugation verbs is formed by adding the ending *-f(a)idh* to the stem:
- The ‘f’ of the future tense stem is pronounced as an ‘h’ in Connacht Irish.

⁴⁹ In this usage, *caithfidh* means ‘must’. You will learn this construction next semester.

§1.1A. Monosyllabic Stems

cuir		glac	
cuirfidh mé	<i>I will put</i>	glacfaidh mé	<i>I will take/accept</i>
cuirfidh tú	<i>you will put</i>	glacfaidh tú	<i>you will take/accept</i>
cuirfidh sé/sí	<i>he/she will put</i>	glacfaidh sé/sí	<i>he/she will take/accept</i>
			<i>accept</i>
cuirfidh muid	<i>we will put</i>	glacfaidh muid	<i>we will take/accept</i>
cuirfidh sibh	<i>you will put</i>	glacfaidh sibh	<i>you will take/accept</i>
cuirfidh siad	<i>they will put</i>	glacfaidh siad	<i>they will take/accept</i>

- Monosyllabic verbs in *-igh* lose their stem ending before adding the future ending:

-faidh		-fidh	
dóigh ‘burn’	dófaidh	léigh ‘read’	léifidh
báigh ‘drown’	báfaidh	nigh ‘wash’	nífidh
brúigh ‘press’	brúfaidh	luigh ‘lie’	luífidh
buaigh ‘win’	buafaidh	suigh ‘sit’	suífidh

§1.1B. Polysyllabic Stems

- Polysyllabic stems tend to be depalatalized and take a broad *-faidh*, but there are exceptions:

-faidh		-fidh	
taispeáin ‘show’	taispeán faidh	tiomáin ‘drive’	tiomáin fidh
ceiliúir ‘celebrate’	ceiliúr faidh		
sábháil ‘save’	sábhál faidh		
vótáil ‘vote’	vótál faidh		

§1.2. Second Conjugation Verbs

- The future tense of second-conjugation verbs is formed by adding the ending **-óidh / -eoidh** to broad / slender stems respectively.

§1.2A. Stems ending in *-(a)igh*

- Most second-conjugation verbs end in *-(a)igh*, an ending which is lost in the future tense:

ceannaigh		imigh	
ceannóidh mé	<i>I will buy</i>	imeoidh mé	<i>I will leave</i>
ceannóidh tú	<i>you will buy</i>	imeoidh tú	<i>you will leave</i>
ceannóidh sé/sí	<i>he/she will buy</i>	imeoidh sé/sí	<i>he/she will leave</i>
ceannóidh muid	<i>we will buy</i>	imeoidh muid	<i>we will leave</i>
ceannóidh sibh	<i>you will buy</i>	imeoidh sibh	<i>you will leave</i>
ceannóidh siad	<i>they will buy</i>	imeoidh siad	<i>they will leave</i>

§1.2B. Syncopated Stems

- Other second-conjugation verbs add the future ending to the stem. Often the stem is syncopated in the process, so that the inflected form has the same number of syllables as the stem:

-óidh		-eoidh	
codail ‘sleep’	codlóidh	aithin ‘recognize’	aithneoidh
oscail ‘open’	osclóidh	imir ‘play’	imreoidh
freagair ‘answer’	freagróidh	inis ‘tell’	inseoidh
labhair ‘talk’	labhróidh		

§1.2C. Stems that Resist Syncopation

- Some few second-conjugation verbs resist syncopation, so that a disyllabic stem will produce a trisyllabic inflected form:

-óidh		-eoidh	
freastail ‘attend’	freastalóidh	foghlaim ‘learn’	foghlaimeoidh
taistil ‘travel’	taistealóidh	tarraing ‘pull’	tarraingeoidh

Negative:	ní (causes <i>séimhiú</i>)	ní chuirfidh mé ní imeoidh siad
Interrogative:	an (causes <i>urú</i>)	an dtaistealóidh tú? an ólfaidh tú ⁵⁰
Neg. int.:	nach (causes <i>urú</i>)	nach nglacfaidh tú nach n-ólfaidh tú
Before:	sula (causes <i>urú</i>)	sula n-imeoidh mé

⁵⁰ As in the present tense, the interrogative particle does not prefix ‘n’ to verbs beginning with a vowel.

Samplaí:

Cuirfidh mé an cupán ansin.	I will put the cup there.
Freagróidh sé gan mhoill.	He will answer soon.
Ní thógfaidh sé teach sa gcathair seo.	He will not build a house in this city.
Ní chodlóidh sé anseo.	He won't sleep here.
An nglanfaidh sé an teach?	Will he clean the house?
An éireoidh tú ag a seacht amárach?	Will you get up at seven tomorrow?
Nach gceannóidh tú bronntanas dó?	Won't you buy a present for him?

§1.3. The Irregular Verbs

- The irregular verbs have the following future tense forms:

Affirmative	Negative	Interrogative	
beidh	ní bheidh	an mbeidh	<i>be</i>
feicfidh	ní fheicfidh	an bhfeicfidh	<i>see</i>
cloisfidh	ní chloisfidh	an gcloisfidh	<i>hear</i>
déanfaidh	ní dhéanfaidh	an ndéanfaidh	<i>do</i>
tabharfaidh	ní thabharfaidh	an dtabharfaidh	<i>give</i>
tiocfaidh	ní thiocfaidh	an dtiocfaidh	<i>come</i>
béarfaidh ar	ní bhéarfaidh ar	an mbéarfaidh ar	<i>catch, hold</i>
gheobhaidh	ní bhfaighidh	an bhfaighidh	<i>get, find</i>
íosfaidh	ní íosfaidh	an íosfaidh	<i>eat</i>
déarfaidh	ní déarfaidh	an ndéarfaidh	<i>say</i>
rachaidh	ní rachaidh	an rachaidh	<i>go</i>

§2. The Prepositions *ó* and *roimh* and their Prepositional Pronouns

Ó 'from'	ROIMH 'before'
uaim <i>from me</i>	romham <i>before me</i>
uait <i>from you</i>	romhat <i>before you</i>
uaidh <i>from him</i>	roimhe <i>before him</i>
uaithi <i>from her</i>	roimpi <i>before her</i>
uainn <i>from us</i>	romhainn <i>before us</i>
uaibh <i>from you</i>	romhaibh <i>before you</i>
uathu <i>from them</i>	rompu <i>before them</i>

- The preposition *ó* is used to express need:

Céard a bheidh uait?	What will you need?
Beidh peann uaim.	I will need a pen.

CEACHTANNA LE DEANAMH

1. Future Tense, First Conjugation

Cuir Gaeilge air seo:

1. I will write a letter.
2. She will close the door.
3. You will take a drink, won't you?
4. Will you put the milk here?
